

# Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

## Tuarascáil Bhliantúil 2019



**cetb**

Bord Oideachais agus  
Oiliúna Chorcaí  
*Cork Education and  
Training Board*

**Tá conair ann do gach foghlaimeoir**

## Clár Ábhar

<b>1. Teachtaireacht le Cathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí</b> .....	4
<b>2. Brollach ón bPríomhfheidhmeannach</b> .....	5
<b>3. Ráiteas Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí</b> .....	6
<b>4. Próifíl Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí</b> .....	11
Léarscáil Gheografach de BOO Chorcaí .....	12
<b>5. Ár dTéamaí, Tosaíochtaí agus Gníomhartha Straitéiseacha</b> .....	13
Téamaí Straitéiseacha .....	13
<b>1) Ár bhFoghlaimoirí</b> .....	14
Is é ár n-aidhm ná eispéireas ag ardchaighdeáin foghlama a sholáthar do gach foghlaimoir .....	14
<b>2) Ár nDaoine</b> .....	21
Is é ár n-aidhm chun gairmithe ardchaighdeáin a earcú, a fhostú agus a fhorbairt ar fud ár seirbhísí. ....	21
<b>3) Ár Seirbhísí</b> .....	26
Is é ár n-aidhm ná cláir oideachais agus oiliúna ag ardchaighdeáin, atá cuí agus ábhartha a sholáthar i dtimpeallachtaí agus suíomhanna éagsúla i measc bunscoileanna, iar-bhunscoileanna, breisoideachais agus oiliúna, áit a mbíonn múinteoireacht agus foghlaim ardchaighdeáin i gcroílár na ngníomhaíochtaí go léir, agus díriú ar rochtain, aistriú agus dul chun cinn .....	26
<b>4) Ár nEagraíocht</b> .....	29
Is é ár n-aidhm ná barr feabhais a chur ar phróifíl na heagraíochta trí sheirbhísí éifeachtacha agus éifeachtúla a sholáthar chun tacú lenár soláthar oideachais agus oiliúna .....	29
<b>5. Léargas Ginearálta ar Sheirbhísí</b> .....	35
SCOILEANNA .....	35
Bunscoileanna .....	35
Athchumrú Bunscoileanna .....	35
Iar-Bhunscoileanna .....	35
BREISOIDEACHAS AGUS OILIÚINT .....	36
Coláistí Breisoideachais (Iar-Ardteistiméireacht) .....	36
Ionad Oiliúna Chorcaí (Seirbhísí Oiliúna) .....	36
Seirbhísí don Ógra .....	37
Ógtheagmháil .....	38
Litearthacht Aosach .....	38
Oideachas Pobail .....	39
An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (an BTEI) .....	39
Seirbhís Treorach Chorcaí .....	40
TACAÍOCHT EAGRAÍOCHTA .....	40

Tionscadail Forbartha Caipitil agus Soláthair .....	40
Seirbhísí Corparáideacha .....	41
Acmhainní Daonna .....	41
Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide.....	42
Airgeadas .....	42

# 1. Teachtaireacht le Cathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

Mar Chathaoirleach BOO Chorcaí, is ábhar mór bróid dom Tuarascáil Bhliantúil BOO Chorcaí a chur i láthair don bhliain 2019. Tá taithí mhaith ag BOO Chorcaí mar eagraíocht ar athrú agus ar a chuid seirbhísí a thabhairt chun cinn lena chinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais oideachais agus oiliúna a fhoghlaimoirí agus an phobail i gcoitinne, chun an t-eolas agus na scileanna a sholáthar a theastaíonn chun leanúint ar aghaidh agus aghaidh a thabhairt ar an ardoideachas nó ar dhomhan na hoibre. Léirítear sa Tuarascáil Bhliantúil an leibhéal inoiriúnaitheachta agus borrrtha a thit amach in BOO Chorcaí i gcaitheamh 2019.

Thit go leor athrú amach i mbliana in BOO Chorcaí, i ndiaidh gur ghlac Príomhfheidhmeannach nua le dualgas agus i ndiaidh gur bunaíodh bord nua faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Bhí an t-ádh orm gur ainmníodh mé mar bhall den Bhord nua don dara téarma agus gur atoghadh mé mar Chathaoirleach ar eagraíocht atá an-éagsúil agus an-spreagúil.

Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh chun buíochas a ghabháil leis an iar-Bhord agus an t-iar-Phríomhfheidhmeannach as an tacaíocht a thug siad dom sa chéad leath den bhliain 2019 agus, go deimhin féin, leis an mBord agus an Príomhfheidhmeannach nua sa dara leath den bhliain 2019. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl freisin d'fhoireann agus foghlaimoirí BOO Chorcaí as an obair dhian leanúnach a rinne siad, dá ngairmiúlacht agus a dtiomantas chun an rogha soláthraí san Oideachas agus Oiliúint a dhéanamh de BOO Chorcaí.



---

An Comh. Patrick Gerard Murphy  
Cathaoirleach

## 2. Brollach ón bPríomhfheidhmeannach

Ghlac mé le ról an Phríomhfheidhmeannaigh i mBealtaine 2019. Chuaigh na luachanna a cothaíodh, an réimse seirbhísí a chuireann BOO Chorcaí ar fáil do mhuintir Chorcaí, leithne, agus an tionchar a imrítear ar shaol ár bhfoghlaimoirí agus tiomantas ár bhfoirne i gcion orm láithreach bonn.

Léiríonn na torthaí a shainaithnítear sa Tuarascáil Bhliantúil an dul chun cinn atá á dhéanamh agus an borradh atá ag teacht bliain ar bhliain ar an BOO agus aird ar ár bPleananna Seirbhíse. Anuas air sin, is iomaí gníomhaíocht agus seirbhís atá ann nach sonraítear sa Tuarascáil mar gheall gur cláir agus seirbhísí iad seo a leanann ag teacht chun cinn go nádúrtha mar fhreagairt don timpeallacht ina n-oibrímid a bhfuil athrú geilleagrach agus sóisialta ag teacht uirthi.

Lean BOO Chorcaí, i rith 2019, le haghaidh a thabhairt ar a ról agus le hé a chomhdhlúthú mar chomhpháirtí oideachais agus sóisialta laistigh de na Fóraim Chathrach agus Chontae. Cinntíonn an gníomhú seo, i dtimpeallacht shíorathraitheach, gur soláthraí freagrúil seirbhísí ardchaighdeáin oideachais agus tacaíochta é BOO Chorcaí i measc an réimse iomláin shóisialta d'fhoghlaimoirí agus rannpháirtithe.

Bhí idir lúcháir agus bhród orm, go pearsanta, mar gheall ar ghairmiúlacht agus tiomantas na foirne don eagraíocht agus dá foghlaimoirí. Is léir gurb eagraíocht é BOO Chorcaí atá sásta athrú agus tionscnamh nua a chothú agus, thar gach rud eile, a chinntíonn go mbaintear torthaí amach.

Is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl do gach duine d'fhoireann Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí, don Chathaoirleach agus do Bhaill an Bhoird agus do bhaill na mBord Bainistíochta agus na nGrúpaí Comhairleacha as an bhfáilte agus an tacaíocht a fuair mé, agus ach go háirithe, as an obair dhian a rinne siad agus an tacaíocht a thug siad do chinntiú go dtugaimid aghaidh ar ár dtosaíochtaí, go leanaimid ar ár ndícheall le seirbhísí ardchaighdeáin cuí a sholáthar d'fhoghlaimoirí chun tacú lena n-aistear foghlama ar feadh an tsaoil.



Denis Leamy  
Príomhfheidhmeannach

### 3. Ráiteas Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 agus tá sé freagrach agus cuntasach as treoir agus rialú ceart a fheidhmeanna i limistéar údaráis áitiúil Chomhairle Cathrach Chorcaí agus Chomhairle Contae Chorcaí.

Bunaíodh Bord nua i rith 2019 i ndiaidh na dtoghchán áitiúil. Nuair a bunaíodh é, tugadh faoi oiliúint maidir le Ciorclán 0002/2019 An Cód Cleachtais chun Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú. Bhunaigh an Bord na coistí seo a leanas freisin i gcomhréir leis an gCód.

- An Coiste Airgeadais
- An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Comhlíonann Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí Ciorclán 0002/2019 na Roinne Oideachais agus Scileanna - An Cód Cleachtais chun Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú. Is é cuspóir an chóid a chinntiú go gcuireann BOO Chorcaí prionsabail an dea-rialachais agus an dea-bhainistithe chun feidhme.

Feidhmeanna forchoimeáda iad na cinntí a dhéanann an Bord agus leagtar amach iad sa reachtaíocht aguisín i gCiorclán 0002/2019 An Cód Cleachtais chun Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú, agus leagtar sceideal iomlán amach in Aguisín A den Chód. Meastar gur Feidhmeanna Feidhmiúcháin don Phríomhfheidhmeannach iad cinntí nach sonraítear sa Chód. Tá an Bord sásta go ndéanann an Príomhfheidhmeannach feidhmeanna a tharmligean sa chás gur cuí agus i gcomhréir leis an Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Rinne an Bord an méid seo a leanas a athbhreithniú agus a cheadú in 2019 bunaithe ar eolas a bhí ar fáil dó agus measann sé go gcuirtear i láthair i gceart sna ráitis airgeadais ioncam agus caiteachas an Bhoird agus staid ghnóthaí an Bhoird.

- Glacadh leis an Tuarascáil Bhliantúil
- Ráitis Airgeadais
- Glacadh leis an bPlean Seirbhíse
- Freastal údaraithe ball ar chomhdhálacha
- Ceadaíodh éadáil, sealbhú agus diúscairt talún nó úis i gcomhréir le rialacháin an ROS
- Cinntíodh gur coimeádadh taifid chruinne ar chruinnithe agus cinntí

## Cruinnithe an Bhoird

Chas an Bord lena chéile seacht n-uaire, agus tugtar cuntas ar shonraí faoi fhreastal sa tábla thíos.

Ball	17.01.2019	28.03.2019	18.04.2019	26.08.2019	26.08.2019 (Dara Chruinniú)	10.09.2019	28.11.2019
An Comh. Eoghan Jeffers	Leithscéal	I láthair	Leithscéal				
An Comh. Mary Hegarty (Leas- Chathaoirl each)	I láthair	Leithscéal	I láthair				
An Comh. Christophe r O'Sullivan	I láthair	I láthair	Leithscéal				
An Comh. Kevin Conway	Leithscéal	Leithscéal	Leithscéal				
An Comh. Pádraig O'Sullivan	I láthair	I láthair	I láthair				
An Comh. Gillian Coughlan	I láthair	Leithscéal	Leithscéal				
An Comh. Mary Shields	I láthair	Leithscéal	I láthair				
An Comh. Chris O'Leary	I láthair	I láthair	I láthair				
An tUasal Paudie Palmer	I láthair	Leithscéal	Leithscéal				
An tUasal Louise Sheehan	I láthair	Leithscéal	I láthair				
An tUasal Pearl Nolan	Leithscéal	I láthair	Leithscéal				
An tUasal Ger Looney	I láthair	I láthair	Leithscéal				
An tUasal Mary O'Grady	I láthair	Leithscéal	I láthair				
An tUasal Declan O'Leary	I láthair	I láthair	I láthair	N/B	N/B	I láthair	I láthair
An Comh. Kay Dawson	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair
An Comh. Patrick Gerard Murphy	I láthair	Leithscéal	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair
An Comh. Seán Martin	Leithscéal	I láthair	Leithscéal	I láthair	I láthair	I láthair	Leithscéal

An tUasal Maura Fitzgibbon	I láthair	I láthair	Leithscéal	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair
An tUasal Robin Bateman	I láthair	I láthair	I láthair	N/B	I láthair	I láthair	I láthair
An tUasal Denis Kirby	I láthair	I láthair	Leithscéal	N/B	N/B	I láthair	I láthair
An Comh. Karen Coakley	N/B	N/B	N/B	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair
An Comh. Noel McCarthy	N/B	N/B	N/B	I láthair	I láthair	I láthair	Leithscéal
An Comh. Gobnait Moynihan	N/B	N/B	N/B	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair
An Comh. Martin Coughlan	N/B	N/B	N/B	Leithscéal	I láthair	I láthair	Leithscéal
An Comh. James Kennedy	N/B	N/B	N/B	Leithscéal	I láthair	I láthair	I láthair
An Comh. Ben Dalton O'Sullivan	N/B	N/B	N/B	I láthair	I láthair	I láthair	Leithscéal
An Comh. Mary Rose Desmond	N/B	N/B	N/B	I láthair	I láthair	I láthair	Leithscéal
An Comh. Derry Canty	N/B	N/B	N/B	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair
An Comh. Colette Finn	N/B	N/B	N/B	I láthair	I láthair	I láthair	Leithscéal
An tUasal Patrick O'Dwyer	N/B	N/B	N/B	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair
An tUasal Maria McGrath	N/B	N/B	N/B	N/B	I láthair	I láthair	I láthair
An tUasal Mary Hegarty	N/B	N/B	N/B	N/B	N/B	I láthair	I láthair
An tUasal Liam Ahern	N/B	N/B	N/B	N/B	N/B	I láthair	I láthair
An tUasal Ann Piggott	N/B	N/B	N/B	N/B	N/B	I láthair	I láthair

\*\*Tá na hiar-bhaill den Bhord (2015-2019) sa tábla thuas ar éag a dtéarma oifige nuair a cuireadh tús leis an gcéad chruinniú i ndiaidh an Toghcháin an 26.08.2019.



## Cruinnithe an Choiste Airgeadais

Chas an Coiste Airgeadais lena chéile trí huairé i rith na bliana, agus tugtar cuntas ar shonraí faoi fhreastal sa tábla thíos.

	<b>25.03.2019</b>	<b>25.09.2019</b>	<b>20.11.2019</b>
An tUasal Jamie O'Leary	I láthair	I láthair	I láthair
An tUasal Maura Fitzgibbon	I láthair	I láthair	Ar scor
An Comh. Seán Martin	I láthair	Leithscéal	I láthair
An tUasal Seán O'Sullivan	Leithscéal	I láthair	I láthair

**\*\* Ba ghnách don Choiste Airgeadais cruinniú deiridh na bliana a thionóil i mí na Nollag riamh anall. D'éag téarma an Choiste, áfach, ag deireadh mhí na Samhna 2019 agus dá réir, níor leanadh ar aghaidh leis an gcrúinniú deiridh.**

## Cruinnithe an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca

Chas an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca lena chéile ceithre huairé i rith na bliana, agus tugtar cuntas ar shonraí faoi fhreastal sa tábla thíos.

	<b>26.02.2019</b>	<b>18.06.2019</b>	<b>24.09.2019</b>	<b>19.11.2019</b>
An tUasal Tim Healy	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair
An tUasal Denis Kirby	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair
An tUasal Tom Rigney	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair
An tUasal Declan O'Leary	Leithscéal	I láthair	I láthair	I láthair
An tUasal Jamie O'Leary	I láthair	Leithscéal	I láthair	I láthair
An Comh. Chris O'Leary	I láthair	Leithscéal	Leithscéal	I láthair

Deimhním, mar Chathaoirleach, go bhfuil Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí freagrach as cuntais a choimeád agus deimhním go gcomhlíonann BOO Chorcaí a oibleagáidí faoin reachtaíocht ioncaim agus na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí go hiomlán.

## Bainistíocht Riosca

Leanann an Bord le maoirseacht ghníomhach a dhéanamh ar bhainistíocht riosca agus deimhníonn sé gur thug sé faoi mheasúnú ar na príomhrioscaí, na bearta maolaithe gaolmhara agus go ndearna sé athbhreithniú ar éifeachtacht na mbeart seo in 2019. Bainistíonn an Bord riosca don eagraíocht trí chlár struchtúrach bainistíochta riosca. Cabhraíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca leis an mBord maidir lena fheidhm bhainistíochta riosca. Braitheann an Bord freisin ar an Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí (an All) agus a chuid tuarascálacha, ar iniúchadh bliantúil an ARCC agus ar aon Iniúchadh seachtrach, ar nós iniúchadh an CSE agus/nó iniúchadh na gCoimisinéirí Ioncaim. Anuas air sin, déantar athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha faoina dtugtar ar bhonn bliantúil.

Buanearra é Bainistíocht Riosca ag gach Cruinniú Boird agus áirítear an méid seo a leanas leis na nithe a bhreithnítear:

- Tuarascálacha riosca ón mbainistíocht shinsearach, an Príomhoifigeach Riosca (an POR) san áireamh
- Tuarascálacha an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca
- Athruithe ar rátálacha riosca
- Clár Iniúchtaí

Cuireadh sonraí san áireamh sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach faoi na príomhrioscaí agus na bearta nó straitéisí gaolmhara maolaithe mar chuid de na ráitis airgeadais iniúchta a fhoilseofar laistigh de mhí amháin i ndiaidh go bhfaightear iad ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh

#### Córas rialaithe inmheánaigh

Deimhníonn an Bord go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh agus gur cuireadh an Ráiteas ar Rialú Inmheánach, a d'fhéadfadh athrú go dtí go gcríochnófar an t-iniúchadh seachtrach, san áireamh sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019, a fhoilseofar laistigh de mhí amháin i ndiaidh go bhfaightear iad ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh a cuireadh faoi bhráid an Aire

#### Beartas agus Nósanna Imeachta Soláthair

Deimhníonn an Bord gur cloíodh leis an mbeartas agus na nósanna imeachta ábhartha soláthair agus gur forbraíodh agus gur cuireadh i bhfeidhm an Plean Corparáideach Soláthair.

Athdhearbhaíonn BOO Chorcaí a thiomantas do gach riachtanas a shásamh a bhaineann le beartais agus nósanna imeachta ábhartha soláthair agus deimhníonn sé freisin gur chloígh sé in 2019 le gnéithe ábhartha na mbeartas agus na nósanna imeachta siúd, seachas sna limistéir siúd a thugtar chun suntais i Ráiteas ar Rialú Inmheánach 2019 chun dul chun cinn breise a dhéanamh iontu.

#### Ráitis Airgeadais 2019

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil Ráitis Airgeadais Bhliantúla BOO Chorcaí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 faoi réir iniúchta ag an ARCC ag tráth fhoilsiú Thuarascáil Bhliantúil BOO Chorcaí don bhliain 2019. Foilseoidh BOO Chorcaí na ráitis airgeadais iniúchta laistigh de mhí amháin i ndiaidh iad a fháil ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Tugtar cuntas sna míreanna thíos ar an méid a bhain na hOifigigh Feidhmiúcháin amach agus na feidhmeanna faoinar thug siad thar ceann an Bhoird. Mar Chathaoirleach, tá bród orm mar gheall ar éachtaí agus borradh leanúnacha BOO Chorcaí agus go háirithe an t-idirchaidreamh leanúnach le páirtithe leasmhara a chinntíonn gur comhpháirtí sóisialta gníomhach é BOO Chorcaí i measc roinnt fóram.

Sínithe:  \_\_\_\_\_

Dáta: An 25 Meitheamh 2020

An Comh. Patrick Gerard Murphy

Cathaoirleach, Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

## 4. Próifíl Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna (dá dtagrófar mar BOO Chorcaí anseo feasta) faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, agus tá sé freagrach agus cuntasach as treoir agus rialú ceart a fheidhmeanna i limistéir údaráis áitiúil Chomhairle Cathrach Chorcaí agus Chomhairle Contae Chorcaí.

Is é BOO Chorcaí an t-aon chomhlacht reachtúil i gCorcaigh ar a bhfuil an fhreagracht oideachas agus oiliúint a sholáthar i measc réimse leathan seirbhísí. Cruthaíonn na seirbhísí a sholáthraítear dúshlán roimh an eagraíocht nuair a chuirtear an líon foghlaimeoirí agus éagsúlacht ionchais na bhfoghlaimeoirí san áireamh. Is iad seo a leanas líon na bhfoghlaimeoirí agus na rannpháirtithe atá páirteach in oideachas, oiliúint agus gníomhaíochtaí BOO Chorcaí:

Daltaí Bunscoile	343
Daltaí Iar-Bhunscoile	12001
Mic Léinn Bhreisoideachais (Iar-Ardteistiméireacht)	3743
Oiliúint Phrintíseachta	739
Ionaid Oiliúna Pobail	100
Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla	280
Soláthraithe Sainoiliúna	185
Oiliúint ar Scileanna Sonracha	1012
Oiliúint i gCúrsaí Oiliúna	195
Ógtheagmháil	621
Grúpaí Litearthachta Aosach	3642
Grúpaí TFAO	1690
BCTE	754
Oiliúint Tráthnóna	871
ITABE	268
Scileanna don Obair	191
Scileanna Dul chun Cinn	140
Oideachas Pobail	4948
Teagasc Litearthachta Deonach	45
Aitheantas Réamhfhoghlama	25
Cistiú Eile	78
<b>IOMLÁN</b>	<b>31,871</b>

**Foinse Sonraí:** Fuarthas na sonraí ar fad ó Bhunachar Sonraí an CTCF, seachas na Scoláirí Bunscoile, Iar-Bhunscoile agus Breisoideachais a fhaightear ó thuaisceáin a dhéantar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna. Is é 2019 an bhliain tagartha do na sonraí go léir.



## 5. Ár dTéamaí, Tosaíochtaí agus Gníomhartha Straitéiseacha

### Téamaí Straitéiseacha

Tá ceithre phríomhcholún inár Ráiteas Straitéise.

- 1) Ár bhFoghlaimoirí
- 2) Ár nDaoine
- 3) Ár Seirbhísí
- 4) Ár nEagraíocht

Tá tosaíochtaí agus gníomhartha i ngach colún a sholáthrófar i gcaitheamh shaolré an Ráitis. Le comhsheasmhacht an chuir chuige agus trédhearcacht a chur i bhfeidhm, déantar an Plean Seirbhíse a ailíniú leis na tosaíochtaí agus na gníomhartha faoi mar a leagtar amach sa ráiteas a ndéantar pleananna áitiúla um chur i bhfeidhm agus forbartha díobh, ar a uain sin, agus déantar tuairisciú orthu i dTuarascáil Bhliantúil. Rinneadh na torthaí seo a leanas a thosú nó a sholáthar i rith 2019.

## 1) Ár bhFoghlaimoirí

### *Is é ár n-aidhm chun eispéireas ardchaighdeáin foghlama a sholáthar do gach foghlaimoir.*

Nuair a bhíonn eispéireas ardchaighdeáin á sholáthar do gach foghlaimoir, tugtar aird ar an gcomhthéacs náisiúnta ina n-oibrímid chomh maith le pleananna straitéiseacha páirtithe leasmhara ábhartha, go háirithe pleananna na Roinne Oideachais agus Scileanna agus SOLAS.

Aithníonn BOO Chorcaí go mbraitheann eispéireas ardchaighdeáin a sholáthar do gach foghlaimoir ar an gcaighdeán caidrimh ag an bpointe soláthair don fhoghlaimoir. Baineann buntábhacht le caighdeán an teagaisc agus na foghlama inár scoileanna, coláistí agus ionaid oideachais agus oiliúna maidir leis seo. Braitheann sé freisin ar ár gcumas chun tionscnaimh náisiúnta a chur i bhfeidhm, cláir chuí foghlama a sholáthar agus an teicneolaíocht a fhorbairt mar uirlis foghlama.

Ábhar bróid do BOO Chorcaí é a thiomantas chun conair a sholáthar do gach foghlaimoir trí oibriú go comhoibritheach le foghlaimoirí, pobail, fostóirí agus gnólachtaí áitiúla chun deiseanna foghlama nuálacha agus cruthaitheacha a sholáthar.

Tosaíochtaí	Gníomhartha	Torthaí ionchasacha don bhliain 2019 (nuair a bhí seirbhísí sa liosta do bhliain acadúil 2018/2019)	Torthaí a soláthraíodh nó a tosaíodh i rith 2019
<p><b>1.1 Eispéireas dearfach agus iomlánaíoch foghlama a sholáthar do gach foghlaimoir</b></p>	<p>→ <b>Oibreimid chun forbairt phearsanta ár bhfoghlaimoirí go léir a chur chun cinn agus a chothú chun barr feabhais a chur ar a bhfolláine mar bhaill dár bpobail foghlama</b></p>	<p>Leanann obair ar siúl le Clár Folláine na Sraithe Sóisearaí a chur i bhfeidhm i gcomhréir le treoirlínte an ROS</p> <p>Leanfaidh sainaitheint deiseanna ag teacht chun cinn chun dea-chleachtas a roinnt idir ár scoileanna</p> <p>Déanfaidh gnéithe foghlama ginearálta dhámhachtainí Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (DCCÉ) a chur i bhfeidhm laistigh de struchtúr Cláir Bhreisoideachais, e.g. Oideachas Folláine, Éifeachtacht Phearsanta, cumarsáid</p> <p>Spreagfar agus tacófar le rannpháirtíocht ghníomhach san fhéile foghlama ar feadh an tsaoil agus in imeachtaí pobail STEM</p>	<p>Sainaithe níodh na torthaí ionchasacha i measc ár réimse iomláin seirbhísí;</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Pobalscoileanna Náisiúnta</li> <li>• Coláistí Iar-Bhunscoile</li> <li>• Coláistí Breisoideachais</li> <li>• Ionad Oiliúna Chorcaí</li> <li>• Ógtheagmháil</li> <li>• Litearthacht Aosach</li> <li>• Soláthar do Dhaoine Fásta agus don Phobal</li> </ul> <p>Baineadh na torthaí go léir amach</p>

		<p>chun foghlaimeoirí ar gach cumas agus aois a spreagadh</p> <p>Leanfaimid le teagasc Foghlaimeoirí a sholáthar i dtimpeallacht foghlama chairdiúil, thacúil agus sholúbtha, áit ar féidir le Foghlaimeoirí a riachtanais agus suimeanna a fhiosrú agus a spriocanna féin foghlama a leagan amach.</p> <p>Déanfaimid teimpléid aonair foghlama a chaighdeánú d'fhoghlaimeoirí ina gcuimsítear scileanna saoil, deimhniúchán acadúil agus gairmullmhúchán.</p> <p>Cuirfimid oiliúint ar fáil ar phríomhoibriú don fhoireann ábhartha chun tacú leis na pleananna foghlama aonair a fhorbairt don fhoghlaimeoir de réir Threoirínte Oibríochtúla Ógtheagmhála.</p> <p>Tabharfar faoi athbhreithniú ar dhea-chleachtas reatha sa limistéar seo chun riachtanais oiliúna a shainaithint agus chun na tacaíochtaí cuí don fhoireann a phleanáil.</p> <p>Leanfaimid le cláir nua a fhorbairt i gcomhairle le Grúpaí agus Eagraíochtaí Pobail i gceantair thuaithe.</p> <p>Leanfar lenár gcláir Ealaíona don tSláinte a chur ar siúl do dhaoine breacaosta. Tabharfar an mheastóireacht ar an gclár Ealaíona don tSláinte in Iarthar Chorcaí chun críche in 2019. (Clár comhpháirtíochta é Ealaíona don tSláinte le BOOC, FSS, Oifig Ealaíon Chomhairle Cathrach Chorcaí agus Uillinn)</p>	
--	--	--	--

		<p>Leanfaimid le naisc a líonrú agus a fhorbairt don tseirbhís chun cúrsaí nua agus roghanna dul chun cinn a shainathint d'fhoghlaimoirí</p> <p>Chuir Treoirchomhairleoirí struchtúir i bhfeidhm chun riachtanais bhreise a chomhlíonadh chun tacú le hiarrthóirí tearmainn a bhaineann leis an Treoir maidir le Rochtain ar an Margadh Saothair a Sholáthar/Imeachtaí Imeasctha.</p>	
	<p>→ <b>Déanfaimid idirchaidreamh gníomhach le SOLAS agus comhpháirtithe eile, chun na tosaíochtaí straitéiseacha a chur i bhfeidhm a chuimsítear sa Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna 2014-2019 chun scileanna, eolas agus inniúlachtaí ár bhfoghlaimoirí a fhorbairt</b></p>	<p>Cuirfear pleananna ionaid i bhfeidhm mar thoradh ar mholtaí um dhearbhu cáilíochta chun dul i ngleic le cáilíocht na seirbhíse agus gnóthachtáil torthaí</p> <p>Comhlíonfaimid beartais agus nósanna imeachta um dhearbhu cáilíochta DCCÉ</p> <p>Déanfaimid idirchaidreamh gníomhach le hionadaithe SOLAS maidir le spriocanna agus treo an tsoláthair BOO amach anseo</p>	<p>Rinne Ionaid BOO Chorcaí idirchaidreamh gníomhach le SOLAS agus DCCÉ lena chinntiú go ndírítear ar chláir agus go gcomhlíonann siad riachtanais um dhearbhu cáilíochta DCCÉ.</p> <p>D'éirigh le BOO Chorcaí a phróiseas foirmiúil "Ateagmhála" le DCCÉ a thabhairt chun críche</p>
	<p>→ <b>Cuirfimid treoirlínte agus beartais an ROS agus SOLAS i bhfeidhm maidir le múinteoireacht agus foghlaim ar gach leibhéal chun cultúr foghlama ar feadh an tsaoil a spreagadh agus a chothú dár bhfoghlaimoirí</b></p>	<p>Leanfaimid ag tacú le seirbhísí agus ionaid chun cultúr d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil a chothú d'fhoghlaimoirí</p>	<p>Leanann BOO Chorcaí le bheith ar thús cadhnaíochta san fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus maidir le foghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn tríd an bhFéile Foghlama ar feadh an tSaoil</p> <p>Lean BOO Chorcaí leis na modheolaíochtaí nua múinteoireachta agus foghlama a chur i bhfeidhm go hiomlán atá leabaithe sa tSraith Shóisearach agus, sa chás gur chuí, chuir sé san áireamh iad inár gcur chuige i leith múinteoireachta agus foghlama sa tsraith shinsearach iar-bhunscoile</p>



	<p>→ <b>Beidh de chuspóir againn scileanna saoil a sholáthar dár bhfoghlaimoirí chun freastal ar a riachtanais mar fhoghlaimoirí agus saoránaigh ghníomhacha trí rannpháirtíocht i mBoird, Coistí agus grúpaí ionadaíocha éagsúla BOO a spreagadh</b></p>	<p>Ar aon dul le dearbhú cáilíochta, is féidir le mic léinn meastóireacht a dhéanamh ar a gcláir agus aiseolas a thabhairt trí na meicníochtaí cuí a úsáid</p>	<p>D'éascaigh BOO Chorcaí, le Aontas/SOLAS, fóram struchtúrach Aiseolais ó Fhoghlaimoirí agus chuir sé tús le planáil le haghaidh Fóraim Foghlaimoirí áitiúla/réigiúnacha.</p>
	<p>→ <b>Spreagfaimid ár bhfoghlaimoirí chun páirt a ghlacadh i mboird, coistí agus grúpaí ionadaíocha éagsúla BOO</b></p>	<p>Spreagfaimid agus cinnteimid go gníomhach go ndéantar ionadaíocht do mhic léinn ar an mBord Bainistíochta, Comhairle na Mac léinn, sa chás gur cuí agus go ndéantar soláthar dó</p> <p>Tacóimid le hionadaíocht a dhéanamh d'Fhoghlaimoirí ar Bhord BOOC</p>	<p>Bunaíodh Boird Scoile nua in 2019 agus toghadh ionadaithe mac léinn, sa chás gur chúí agus rinneadh soláthar dóibh.</p>
	<p>→ <b>Cuirfimid le seirbhísí tacaíochta díreacha agus indíreacha i gcaitheamh shaolré an phlean straitéisigh chun tacú lenár bhfoghlaimoirí</b></p>	<p>Forbróimid ár seirbhísí tacaíochta foghlaimoirí in BOO agus cuirfidh glacadh leis an gcur chuige agus an líonra ionchuisithe ghníomhaigh chun cinn i leith gach Seirbhís BOO</p>	<p>Tugadh clár píolótach lonchuimsithe Ghníomhaigh BOO Chorcaí chun críche go rathúil, agus foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil. Cuireadh tús leis an gcur chuige agus le tacaíochtaí lonchuimsithe Ghníomhaigh a thabhairt isteach níos fairsinge i measc seirbhísí BOO.</p>
	<p>→ <b>Cuirfimid feabhas, i gcomhréir le tosaíochtaí an ROS agus SOLAS, ar an eispéireas foghlama agus na torthaí foghlama d'fhoghlaimoirí ar imir míbhuntáiste tionchar orthu ag gach céim dá n-aistear foghlama</b></p>	<p>Cinnteimid go gcuimsítear sa chlár scileanna WorkWise modúil atá dearbhaithe ag DCCÉ, anuas ar oiliúint agus socrúchán oibre aonair saincheaptha</p> <p>Déanfaimid bunachair shonraí d'fhostóirí a fhorbairt ar bhonn Ionad aonair agus ar fud Chlár Ógtheagmhála</p> <p>Déanfaimid measúnú ar mhic léinn na bliana deiridh maidir le cumas scileanna, próifíl ghairme agus déanfaimid tástáil shíciméadrach ar fud na nIonad Ógtheagmhála go léir in 2019.</p>	<p>Cuireadh clár WorkWise i bhfeidhm go rathúil i measc na n-ionad Ógtheagmhála go léir, agus chuireamar feabhas ar idirchaidreamh le fostóirí.</p> <p>Tá cur chuige tástála foghlama Ógtheagmhála i bhfeidhm.</p>

	<p>→ <b>Díreimid ar thacaíochtaí dár bhfoghlaimoírí go léir a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, agus a bhfuil leochaileacht eile ag gabháil dóibh, chun tacú lena rannpháirtíocht agus a ndul chun cinn laistigh den oideachas agus oiliúint</b></p>	<p>Oibreoidh Ionaid Ógtheagmhála agus le hIonaid Oiliúna Pobail le coláistí Iar-Ardteistiméireachta chun scéim reatha Access a fhorbairt níos mó chun tacú le mic léinn atá ag leanúint ar aghaidh le haghaidh a thabhairt ar chúrsa Iar-Ardteistiméireachta. Tacóidh é seo linn chun sprioc 2 a bhaint amach de Chomhaontú Feidhmíochta Straitéiseach BOOC le SOLAS.</p> <p>Tabharfaidh an fhoireann faoi oiliúint ar mheasúnú a dhéanamh ar stíl aonair foghlama foghlaimoírí agus ar phacaí tacaíochta mic léinn a ullmhú chun gur féidir múinteoireacht a shaincheapadh go cuí</p> <p>Próifíl Phearsanta a fhorbairt do mhic léinn a fhágann an clár, gach tástáil, CV agus Cáilíochtaí seach-churaclaim san áireamh a gnóthaíodh fad a bhí siad ag freastal ar an gclár</p>	<p>Cuireadh tús leis an athbhreithniú ar chlár Access, bunaíodh ról tacaíochta HE-FE mar chomhoibriú idir UCC agus BOO Chorcaí.</p> <p>Tugadh faoi oiliúint ar mheasúnú foirne, agus rinneadh cur chuige na próifíle pearsanta a thabhairt chun críche agus a chur i bhfeidhm in ionaid Ógtheagmhála.</p>
<p><b>1.2 Múinteoireacht, oiliúint agus foghlaim den scoth a sholáthar do gach duine</b></p>	<p>→ <b>Díreimid ar mhúinteoireacht agus foghlaim ardchaighdeán a fhorbairt mar chroíghníomhaíocht BOO Chorcaí</b></p>	<p>Méadófar an méid cláir chreidiúnaithe atá ar tairiscint ón tseirbhís litearthachta.</p> <p>Leanfar le cláir foghlama teaghlaigh nua agus ilchineálacha a fhorbairt agus díriú ar leith ar limistéir mhóra dífhostaíochta (faoi mar a shainaithin an POS).</p>	<p>Baineadh gach gníomh amach.</p>
	<p>→ <b>Bainfimid úsáid as taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta chun dea-chleachtas a shainaithint agus a ghlacadh maidir le pobail láidre foghlama a fhorbairt, agus glacfaimid páirt i</b></p>	<p>Déanfaimid gealltanais maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) a chur i bhfeidhm, nuair is gá, i dtaobh scileanna teicniúla agus ginearálta araon don fhoireann mhúinteoireachta</p>	<p>Ghlac ár scoileanna páirt in FGL an ROS ar leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile. Thugamar faoi FGL breise ardchaighdeán go réamhghníomhach do cheannairí agus múinteoirí scoile</p>

	<b>dtionscadail agus tionscnaimh náisiúnta agus idirnáisiúnta chun cur go dearfach leis na pobail siúd</b>	<p>Díreofar in 2019 ar pháirt níos mó a ghlacadh le tionscadal taighde áitiúil amháin, tionscadal taighde náisiúnta amháin agus tionscadal taighde idirnáisiúnta amháin, e.g. Clár Ceannaireachta Teagaisc Tionscadal Taighde Erasmus Ghlór na Mac Léinn de chuid an CNCM</p> <p>Glacfaimid páirt sa tSamhail Phobalscoileanna Náisiúnta a chur chun cinn mar an soláthraí oideachais chun pobail láidre il-sainchreidmheacha foghlama a fhorbairt</p> <p>Glacfaimid páirt ghníomhach chun clár socrúcháin Múinteoirí BOO a fhorbairt</p> <p>Comhoibriú foirne agus cleachtas a roinnt trí ghrúpaí comhairleacha um dhearbhu cáilíochta</p>	<p>Rinneadh samhail socrúcháin múinteoirí BOO a fhorbairt níos mó do Mhúinteoirí agus cuireadh ar fáil é do 24 múinteoir.</p> <p>Rinneadh grúpaí comhairleacha um dhearbhu cáilíochta a athbhreithniú agus cuireadh leo.</p>
<b>1.3 Timpeallachtaí dearfacha foghlama ina bhfuil na hacmhainní oiriúnacha</b>	<b>Déanfaimid idirchaidreamh agus idirbheartaíocht go réamhghníomhach leis an ROS agus le SOLAS chun dícheall a dhéanamh go mbíonn na hacmhainní riachtanacha go léir, idir acmhainní buiséadacha agus soláthair foirne, ar fáil do BOO Chorcaí</b>	Leanaimid le hidirbheartaíocht a dhéanamh leis an ROS agus SOLAS lena chinntiú go ndéantar na hacmhainní go léir atá ar fáil a fhiosrú agus a bharrfheabhsú	Leanadh ag dul i gcomhairle leis an ROS agus SOLAS i rith 2019 chun acmhainní a uasmhéadú chun tacú le seirbhísí a sholáthar
<b>1.4 Tiomantas d'fhoghlaim le cuidiú teicneolaíocht a chun tacú le foghlaim neamhspleách agus</b>	→ <b>Leanfaimid le hathbhreithniú a dhéanamh ar agus infheistiú a dhéanamh inár mbonneagar TFC</b>	Leanaimid le hathbhreithniú agus infheistiú a dhéanamh, faoi mar is cuí	Déantar athbhreithniú ar phleananna gach bliain lena chinntiú go mbíonn infheistíocht dírithe agus cuí.
	→ <b>Forbróimid straitéisí ar leith chun acmhainneacht ár scoileanna agus á gcoláistí a fhorbairt maidir le TFC a úsáid</b>	Leanfaimid le hathbhreithniú a dhéanamh ar Bhonneagar TFC agus é a uasgrádú ar aon dul hearraí gnímh na Straitéise Foghlama le Cuidiú Teicneolaíochta	Cuireadh conradh gléasanna móibíleacha i bhfeidhm in 2019 ina gcuimsítear soláthairtí gléasanna móibíleacha, chomh maith le hoiliúint ar an teicneolaíocht a úsáid mar uirlis mhúinteoireachta agus foghlama

<p><b>chomhoibrithéach</b></p>	<p><b>mar uirlis mhúinteoireachta agus foghlama</b></p>	<p>Cuirfimid oiliúint agus tacaíocht maidir le teicneolaíochtaí cúnta ar fáil d'fhoghlaimoirí.</p> <p>Bainfimid triail phíolótach as Moodle a úsáid in Ionad Ógtheagmhála.</p> <p>Cuirfimid oiliúint ar fáil ar TFC don fhoireann chun tacú le Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta a úsáid.</p>	<p>Tá a straitéis foghlama digití á gcur i bhfeidhm ag scoileanna ar aon dul le riachtanais náisiúnta</p> <p>Cuireadh Moodle chun feidhme ar bhonn trialach i suíomh Ógtheagmhála.</p> <p>Éascaíodh agus tacaíodh leis an bhfoireann BOO chun tabhairt faoi chlár Foghlama le Cuidiú Teicneolaíochta larchéime trí Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Ollscoil na hÉireann.</p>
	<p>→ <b>Forbróimid agus tosóimid le Plean Straitéiseach TFC a chur i bhfeidhm dár nlonaid go léir. Cuirfear Straitéisí TFC Náisiúnta san áireamh ann seo le haghaidh Oideachais agus Oiliúna, an straitéis Foghlama le Cuidiú Teicneolaíochta ina measc le haghaidh Breisoideachais agus Oiliúna</b></p>	<p>Déanfaimid an Straitéis TFC a ghlacadh agus a thabhairt chun críche</p> <p>Déanfaimid pleananna Ríomhfhoghlama agus Straitéisí Digiteacha a athbhreithniú agus a leasú i gcomhoibriú le Scoileanna/Coláistí agus soláthraithe seirbhísí BOO</p> <p>Déanfaimid cistiú Deontais eile TFC a ailíniú le tionchair theicneolaíochta múinteoireachta agus foghlama inbhuanaithe i gcomhoibriú le Scoileanna/Coláistí agus soláthraithe seirbhísí BOO</p>	<p>Chas Grúpa Foghlama le Cuidiú Teicneolaíochta an BOO, ina bhfuil ionadaithe de na Coláistí BOO, an tIonad Oiliúna agus Ógtheagmháil lena chéile ar bhonn rialta chun úsáid na teicneolaíochta mar uirlis mhúinteoireachta agus foghlama a mheasúnú agus a chur chun cinn.</p>

## 2) Ár nDaoine

*Is é ár n-aidhm chun gairmithe ardchaighdeáin a earcú, a fhostú agus a fhorbairt ar fud ár seirbhísí.*

Eagraíocht é BOO Chorcaí a chothaíonn éagsúlacht agus dúshlán. Tá ár bhfoghlaimoirí agus ár bhfoireann ag croílár na heagraíochta. Tugaimid chéad tús áite d'fhreastal ar a riachtanais. Ní féidir cultúr na heagraíochta a chothú, faoi mar a chuimsítear inár bprionsabail agus luachanna treoracha, ach trí spreagadh agus tiomantas ár bhfoirne reatha agus trínár gcumas chun daoine cumasacha a earcú.

Mar gheall ar éagsúlacht na seirbhíse, tá réimse ról ann laistigh den eagraíocht. Teastaíonn tionscnaimh spriocdhírithé uaidh seo sna limistéir eagraíochta, forbartha foirne agus timpeallachtaí dearfacha ionad oibre lena chinntiú go leanann an eagraíocht le foireann den scoth a choimeád, go bhforbraítear scileanna na foirne agus go bhforbraítear ceannairí an-éifeachtacha i gcomhthráth.

Aithnímid nach féidir BOO Chorcaí a bhunú mar rogha soláthraí d'fhoghlaimoirí i gCorcaigh ach trí idirchaidreamh dearfach a dhéanamh leis an bhfoireann a chreideann i bprionsabail agus luachanna na heagraíochta.

Tosaíochtaí	Gníomhartha	Torthaí ionchasacha don bhliain 2019 (nuair a bhí seirbhísí sa liosta do bhliain acadúil 2018/2019)	Torthaí a soláthraíodh nó a tosaíodh i rith 2019
2.1 Na daoine is fearr a mhealladh agus a earcú don eagraíocht	→ Déanfaimid, trí phleanáil ghníomhach, na ról a theastaíonn laistigh den eagraíocht agus feachtas earcaíochta spriocdhírithé a fhorbairt, agus díriú ar ar leith ar ról inar sainaitníodh easnamh soláthair scileanna	Leanfaimid ag freastal ar Aonaigh Ghairmeacha Múinteoireachta agus le caidreamh a fhorbairt le seirbhísí éagsúla ollscoile chun an méid eolais a chuirtear ar fáil do mhic léinn Mháistreachta san Oideachas.	D'fhreastail BOO Chorcaí in 2019 ar dhá aonach earcaíochta. Rinneadh feachtas ar líne a fhorbairt agus a thabhairt isteach i measc na n-ardán meán sóisialta a dhírigh ar mhic léinn.
	→ Leanfaimid lenár bpróisis agus cleachtais earcaíochta a athbhreithniú agus a fhorbairt lena chinntiú go bhfuil siad solúbtha agus curtha in oiriúint do riachtanais na heagraíochta	Déanfaimid ionchur agus tástáil an chórais iarrata ar fholúntais phoist a thabhairt chun críche atá le tabhairt chun críche i gcomhar le soláthraí bogearraí.	Críochnaíodh athruithe ar an bpainéal ar líne lonadaithe Múinteoirí in 2019 chun córas níos éasca le húsáid a dhéanamh den chóras maidir le múinteoirí a ndéanann fáil a chlárú agus scoileanna a mbíonn múinteoirí ionaid á n-aimsíú acu

	<p>→ <b>Déanfaimid ár gcórais cumhdaigh foirne gearrthearmaí a fhorbairt níos mó lena chinntiú go bhfuil na daoine cearta ar fáil nuair a bhíonn gá leis chun leanúint lenár seirbhísí a sholáthar</b></p>	<p>Déanfaimid na buan-nósanna imeachta oibriúcháin a thabhairt chun críche chun múinteoirí bunscoile a earcú chun tacú leis an bPobalscoil Náisiúnta ina n-earcaíocht</p> <p>Tá anailís bhreise le déanamh chun príomhfhoinsí d'iarratais mhúinteora a dheimhniú agus chun feabhas a chur ar an sreabhadh iarrthóirí</p>	<p>Comhaontaíodh ar nósanna imeachta le Múinteoirí Pobalscoileanna Náisiúnta.</p> <p>Rinneadh athbheithniú agus nuashonrú ar phainéal ionadaithe ar líne le soláthraí bogearraí chun go mbeadh sé ní b'éasca le húsáid</p>
<p><b>2.2 Tacú le forbairt ghairmiúil ár ndaoine</b></p>	<p>→ <b>Cothóimid cultúr d'fhorbairt ghairmiúil agus tacaíochta don fhoireann go léir trí dhíriú ar thionscnaimh foghlama agus forbartha a sholáthar chun a n-eolas agus a gcumas a fheabhsú agus a fhorbairt</b></p>	<p>Fóraim Leas-Phríomhoidí BOOC nuabhunaithe a fhorbairt i measc bunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus scoileanna agus coláistí BOO</p> <p>Leanfaidh obair ar aghaidh le Fóraim na bPríomhoidí, Straitéis BOO agus grúpa um dhearbhu cáilíochta chun tionscnaimh forbartha chuí foghlama agus forbartha a shainiú</p> <p>Déanfaidh Príomhoidí IAT rannpháirtíocht a bharrfheabhsú i gclár FGL um Dhearbhú Cáilíochta Bhord Oideachais Chorcaí i gcomhar leis an tSeirbhís Tacaíochta don Bhreisoideachas</p> <p>Leanfaimid le rannpháirtíocht a spreagadh i dtionscnaimh foghlama agus forbartha</p> <p>Leanfar le comhoibriú agus le deachleachtas a roinnt trí úsáid a bhaint as SharePoint agus grúpaí comhairleacha um Dhearbhú Cáilíochta BOOC don Earnáil BOO</p>	<p>Bunaíodh roinnt grúpaí agus Fóraim éagsúla i measc na limistéar éagsúil, scoileanna, BOO agus Riaracháin chun obair a roinnt, chun tacú le hobair agus chun comhoibriú i ngach ionad agus limistéar soláthair.</p> <p>Casann na grúpaí lena chéile ar bhonn rialta agus leanann siad le tionscnaimh éagsúla a shainiú agus páirt a ghlacadh iontu chun feabhas a chur ar FGL ar bhonn aonair agus le chéile.</p> <p>Cuireadh oiliúint um Dhearbhú Cáilíochta ar fáil i measc na seirbhísí agus na nIonad BOO.</p>

		<p>Oiliúint bhreise um Dhearbhú Cáilíochta d'ionaid a sainaithníodh</p> <p>Tá samhlacha eile creidiúnaithe a aithnítear go hidirnáisiúnta á bhfiosrú ag BOOC ag féachaint le huasoiliúint a chur ar theagascóirí.</p> <p>Déanfaidh cleachtóirí foghlama in Ionad Ógtheagmhála/Cúrsaí Iar-Ardeistiméireachta/Ionad Oiliúna Chorcaí modúl Litearthachta 'Litearthacht a Chomhtháthú' in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge chun tacú le litearthacht a chomhtháthú ina ranganna</p> <p>Sainaithníodh go mbaineann ríthábhacht le clár meantóireachta maidir le ceapaithe nua a ionduchtú ar leibhéal bainistíocht shinsearach, tá liosta meantóirí le bunú in 2019</p>	
	<p>→ <b>Samhail tacaíochta a fhorbairt, laistigh de na hacmhainní atá ar fáil, a cheadaíonn foireann a scaoileadh chun glacadh leis na deiseanna ábhartha agus cuí FGL</b></p>	<p>Leanfaidh príomhoidí le ceannairí uailmhianacha a shainaithint agus a spreagadh chun tabhairt faoi na cláir Inseirbhíse náisiúnta</p> <p>Leanfaimid le hathbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe lena chinntiú go mbíonn an tacaíocht ar fáil lena cheadú foireann a scaoileadh chun deiseanna ábhartha FGL a thapú</p> <p>Spreagfaimid agus a éascóimid rannpháirtíocht múinteoirí i líonraí agus cumainn náisiúnta</p>	<p>Spreagadh an fhoireann go léir chun deiseanna FGL a thapú agus sa chás gur thapaigh an fhoireann na deiseanna siúd, cuireadh tacaíocht ar fáil lena rannpháirtíocht leanúnach a chinntiú</p>

		<p>Cuirfear le clár chun socrúcháin a thabhairt do mhúinteoirí BOO sa tionscal</p> <p>Leanfaimid ag tacú le freastal ar imeachtaí, de réir bheartas FGL BOOC.</p>	
	<p>→ <b>Deiseanna a fhorbairt don fhoireann chun deiseanna socrúcháin oibre a chur ar fáil don fhoireann i suíomhanna Tionscail / gnó agus oiliúna / foghlama eile</b></p>	<p>Leanfaimid le deiseanna socrúcháin oibre a fhairsingiú dár bhfoireann agus le hiarracht a dhéanamh chun sin a dhéanamh</p>	<p>Lean deiseanna socrúcháin oibre a bheith á gcur ar fáil don fhoireann mhúinteoireachta chun a mbonn eolais faoin tionscal a fhairsingiú chun tacú le cúrsaí a sholáthar in 2019</p>
<p><b>2.3 Timpeallacht oibre dhearfach, ghairmiúil agus thacúil a sholáthar don fhoireann go léir</b></p>	<p>→ <b>Forbróimid córas inlín don fhoireann go léir lena chinntiú go mbíonn teacht ag an bhfoireann go léir acu ar eolas</b></p>	<p>Tabharfaimid struchtúr agus ábhar chun críche, trí chomhoibriú leis na Ranna go léir sa Cheannoifig, agus tá tús le cur le cur i bhfeidhm céimnithe faoi dheireadh Ráithe 1</p> <p>Leanfaimid, i gcomhar le Seirbhísí Corparáideacha, le monatóireacht agus forbairt a dhéanamh ar ábhar an tsuímh le cabhair ó Ranna ábhartha</p> <p>Déanfaimid forbairt agus feabhsúcháin Chéim 2 a mheas ag féachaint le feabhas breise a chur ar an gcóras mar shraith straitéisí don fhoireann agus Bainisteoirí</p>	<p>Seoladh an chéad leagan de shuíomh inlín ag a bhfuil beartais agus nósanna imeachta corparáideacha in aon suíomh amháin in 2019. Cuireadh é sin ar fáil don fhoireann go léir. Cuireadh tús le forbairt Chéim 2 in 2019</p>
	<p>→ <b>Déanfaimid fiosrú agus forbairt bhreise ar dheiseanna a chuirtear ar fáil trí chumas TFC a úsáid, maidir le conas deiseanna a sholáthar chun pobail ghairmiúla a chruthú i measc na foirne mar iarracht chun cabhrú leo tacú lena chéile chun oideachas agus oiliúint a sholáthar</b></p>	<p>Leanann gach scoil le hathbheithniú a dhéanamh ar a Straitéis Foghlama le Cuidiú Teicneolaíochta ar aon dul le treoirlínte náisiúnta</p> <p>Leanfar le hinfheistíocht bhreise TFC a dhéanamh i scoileanna a bhunú ar an straitéis seo a chur i bhfeidhm</p>	<p>Leantar le cur i bhfeidhm foghlama le cuidiú teicneolaíochta a fhorbairt i ngach limistéar den soláthar.</p> <p>Cuireadh Microsoft 365 ar fáil do gach scoil / láthair</p> <p>Fiosraíodh cláir foghlama fiorga agus cuireadh Moodle i bhfeidhm ní b'fhairsinge ar mhaithe le BOO a sholáthar.</p>



		<p>Suíomh SharePoint a fhorbairt do Phríomhoidí Bunscoile agus Iar-Bhunscoile agus gach scoil a bheith ar Ardán comhroinnte TF, i.e. Microsoft 365</p> <p>Cuirfimid rochtain ar SharePoint ar fáil don fhoireann go léir agus spreagfaimid iad chun úsáid a bhaint as eolas atá ar fáil maidir le saol gairmiúil agus pearsanta</p> <p>Grúpa tacaíochta agus treorach struchtúrach TF a fhorbairt ina bhfuil Roinn TF chun cur chuige comhordaithe a fhorbairt i leith forbairtí scoile, e.g. timpeallachtaí foghlama fíorga (TFFanna)</p>	
	<p>→ <b>Díreimid ar thionscnaimh ar leith chun folláine na foirne a chur chun cinn agus rannpháirtíocht dhearfach ár bhfoirne a spreagadh ar fud na heagraíochta</b></p>	<p>Rogha na maoirseachta gairmiúla agus tacaíochtaí cleachtais athmhachnaimh a fhiosrú don fhoireann.</p> <p>Folláine foirne in ionaid a chur chun cinn.</p> <p>Déanfaimid fiosrú breise leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta ar an bhféidearthacht chun clár píolótach “Oibriú go Dearfach” a chur i bhfeidhm.</p>	<p>Tacaíodh le tionscnaimh folláine foirne ar leibhéal scoile/ionaid</p>

### 3) Ár Seirbhísí

*Is é ár n-aidhm chun cláir oideachais agus oiliúna ardchaighdeáin, chuí agus ábhartha a sholáthar i dtimpeallachtaí agus suíomhanna éagsúla i measc bunscoileanna, iar-bhunscoileanna, breisoideachais agus oiliúna, áit a mbíonn múinteoireacht agus foghlaim ardchaighdeáin i gcroílár na ngníomhaíochtaí go léir, agus díriú ar rochtain, aistriú agus dul chun cinn.*

Cuireann BOO Chorcaí réimse seirbhísí ar fáil a chuimsíonn Pobalscoileanna Náisiúnta, Iar-Bhunscoileanna, Breisoideachas agus Oiliúint anuas ar thacaíocht riaracháin. Tugtar cuntas ar réimse iomlán ár seirbhísí agus ár gclár ar leathanaigh 7 go 13.

Tosaíochtaí	Gníomhartha	Torthaí ionchasacha don bhliain 2019 (nuair a bhí seirbhísí sa liosta do bhliain acadúil 2018/2019)	Torthaí a soláthraíodh nó a tosáíodh i rith 2019
3.1 Féachaint leis an tsamhail bhunoideachais i bPobalscoilean na Náisiúnta a fhorbairt agus a chur chun cinn.	→ Forbróimid ár scoileanna PSN mar shamhlacha dea-chleachtais	Leanaimid ag tacú le scoileanna BOO agus le hiad a chur chun cinn mar shamhlacha dea-chleachtais agus tosóimid feachtas poiblíochta ar leith chun feachtas poiblí a mhúscailt	Tugadh faoi fheachtas spriocdhírthe poiblíochta chun ár bPobalscoileanna Náisiúnta a chur chun cinn mar an rogha soláthraí do thuismitheoirí agus thit sé amach in 2019 i measc na n-ardán meán sóisialta go léir
	→ Lorgóimid deiseanna chun an méid Pobalscoileanna Náisiúnta a mhéadú atá faoi choimirce BOO Chorcaí	Tabharfaimid faoi chomórtais do scoileanna nua i gCorcaigh	Glacadh páirt i gcomórtas le haghaidh Charraig Uí Leighin, Contae Chorcaí
3.5 Athbhreithniú agus Forbairt ar Chláir BOO	→ Forbróimid agus cuirfimid próiseas pleanála comhtháite BOO i bhfeidhm a chinntíonn go sainaithnítear riachtanais phobal áitiúil, foghlaimeoirí agus fostóirí agus go bhfreagraítear dóibh ar bhealach tráthúil agus cuí ar aon dul le riachtanas agus tosaíochtaí na Straitéise BOO	Forbróimid Cúrsa Oiliúna Oibreoir Déantúsaíochta nua in 2019  Déanfar athbhreithniú ar na cúrsaí reatha bogearraí in 2019  Cuirfimid clár “Scil chun Dul chun Cinn” (“Skill to Advance”) de chuid SOLAS agus cláir oiliúna ghaolmhara i bhfeidhm	Rinne cúrsaí oiliúna a fhorbairt agus a chur ar fáil d’fhoghlaimeoirí ionchasacha.  Cuireadh tús le 3 phrintiseacht nua sa limistéar TFC  Glacadh le tionscnamh Scileanna chun Dul chun Cinn, cuireadh soláthar faoin tionscnamh ar fáil d’fhostaithe agus cuideachtaí atá ag lorg chun tabhairt faoi uasoiliúint/deiseanna athoiliúna a thapú.

		<p>Bunófar áis nua oiliúna agus printíseachta cócaireachta agus fáilteachais in Ionad Gnó an Taoibh Thiar i rith 2019</p> <p>Déanfar léarscáiliú breise ar bhealaí dul chun cinn, do rannpháirtithe ó chlár fostaíochta pobail, a chuirfear san áireamh i bpleananna 2019/20 lena chinntiú go mbíonn siad comhoiriúnach do sholáthairtí eile BOO Chorcaí</p>	<p>Críochnaíodh an t-ionad oiliúna fáilteachais den chuid ba mhó agus bhí sé ar oscailt le haghaidh printíseacht Commis Chef agus gnéithe de chlár Iar-Ardeistiméireachta scileanna cócaireachta agus fáilteachais Leibhéal 5. Cuireadh tús leis na háiseanna a chríochnú.</p> <p>Cuireadh tús le léarscáiliú an bhealaigh dul chun cinn mar chuid den phróiseas pleanála áitiúil.</p>
<p><b>3.5 Soláthar Seirbhísí don Ógra a fhorbairt agus a chur chun cinn</b></p>	<p>→ <b>Forbróimid ról BOO Chorcaí mar an ngníomhaire do Sheirbhísí don Ógra a oibríonn i gcomhoibriú agus i gcomhairle leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige</b></p>	<p>Aistrefar go dtí scéim cistithe nua in 2019</p> <p>Ceadaiodh tionscadal athshainithe don óige in 2018 agus tá Seirbhís nua Iarthar Chorcaí le tosú i Ráithe 1 2019</p>	<p>Chaith Seirbhísí don Ógra BOO Chorcaí go leor ama ag plé leis an bpleanáil agus an t-ullmhú don scéim cistithe leasaithe a thabhairt isteach.</p> <p>Cuireadh tús le seirbhís Iarthar Chorcaí.</p>
	<p>→ <b>Tacóimid le seirbhísí oibre don ógra a sholáthar, a fhorbairt agus a mheasúnú i gCorcaigh trí acmhainní cuí spriocdhírthe a sholáthar</b></p>	<p>Coimisiúnaíodh BOO Chorcaí chun tabhairt faoi phróifíilí ceantar áitiúil le haghaidh phróifíil Chontae/Chathrach agus cuirfear tús leis an obair seo in Eanáir-Aibreán 2019</p> <p>Nuashonrófar Clár na gClubanna Óige atá incháilithe chun Deontas do Chlub Óige a fháil in 2019</p>	<p>Críochnaíodh gach gníomh.</p>
<p><b>3.6 Feabhas a chur ar chomhtháthú sóisialta agus geilleagrach inár bpobail foghlaimeoirí trí eolas agus scileanna ábhartha don fhoghlaim ar</b></p>	<p>→ <b>Cabhróimid go gníomhach le foghlaimeoirí sa phróiseas ina bhfilltear ar an bhfoghlaim trína chinntiú go gcuirtear cúrsaí agus tacaíochtaí cuí ar fáil a thacaíonn le agus a spreagann rannpháirtíocht i measc foghlaimeoirí</b></p>	<p>Cuirfidh Coláistí BOO beartais choiteanna freastail agus nósanna imeachta agallamh iontrála i bhfeidhm d'fhoghlaimeoirí</p> <p>Cuirfidh oiliúint ar fáil ar mhúinteoireacht agus foghlaim ghníomhach, a dhéanfaidh litearthacht agus pleanáil traschuraclaim a chomhtháthú chun tacú le rannpháirtíocht foghlaimeoirí</p>	<p>Tá gach gníomh á thabhairt chun cinn.</p>

<b>feadh an tsaoil, forbairt phearsanta, dul chun cinn agus fostaíocht a sholáthar</b>		<p>Glacfaimid páirt in imeachtaí áitiúla an RGFCFS a dhíríonn ar dhaoine óga, ar aon dul le tionscnaimh rialtais</p> <p>Cuirfidh Treoirchomhairleoirí Fásta struchtúir i bhfeidhm chun riachtanais bhreise a chomhlíonadh chun tacú le hiarrthóirí tearmainn a bhaineann leis an Treoir maidir le Rochtain ar an Margadh Saothair a Sholáthar</p>	
	<p>→ <b>Déanfaimid na cláir Phrintíseachta agus Chúrsaí Oiliúna a chur chun cinn, a fhorbairt agus a bhainistiú lena chinntiú go bhfreastalaíonn an oiliúint ar riachtanais an tionscail</b></p>	<p>Tabharfar printíseachtaí nua isteach in 2019; Innealtóir Líonra TFC Cibearshlándáil TFC Commis Chef</p>	<p>Críochnaíodh gach gníomh</p>

#### 4) Ár nEagraíocht

*Is é ár n-aidhm chun barr feabhais a chur ar phróifíl na heagraíochta trí sheirbhísí éifeachtacha agus éifeachtúla a sholáthar chun tacú lenár soláthar oideachais agus oiliúna.*

Tá BOO Chorcaí tiomanta d'athbhreithniú agus monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar a struchtúir, rialachas agus bonneagar. Tá sé mar chuspóir againn cultúr feabhsaithe a chothú chun go mbíonn ár n-eagraíocht ag oibriú go héifeachtach agus go héifeachtúil agus a seirbhísí á soláthar aici.

Tá roinnt gnéithe ann a ndíreofar orthu i gcaitheamh shaolré an ráitis, go háirithe scoileanna nua a thógáil, comhlíonadh rialála, cuntasacht, Scéim na dTeangacha Oifigiúla, margaíocht, cumarsáid agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha.

Is iad an fhoireann a chuirfidh dlús le barrfheabhsú chumas na heagraíochta chun éifeachtúlachtaí a chur chun cinn, agus tá páirt lárnach acu maidir le seirbhísí a sholáthar. Cuirfidh dlús leis freisin, áfach, trí fhreastal ar, tacú le agus comhpháirtíocht a dhéanamh le réimse páirtithe leasmhara chun barr feabhais a chur ar phróifíl na heagraíochta.

Tosaíochtaí	Gníomhartha	Torthaí ionchasacha don bhliain 2019 (nuair a bhí seirbhísí sa liosta do bhliain acadúil 2018/2019)	Torthaí a soláthraíodh nó a tosaíodh i rith 2019
<p><b>4.1 Lena chinntiú go bhforbraítear bonneagar cuí chun an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní atá ar fáil</b></p>	<p>→ <b>Tionscadail fhaofa nua foirgneamh scoile agus sínte scoile a thabhairt chun críche faoi na dátaí is luaithe agus is féidir. I measc na dtionscadal móra, tá an méid seo a leanas:</b></p> <ol style="list-style-type: none"> <li><b>1. Coláiste an Chraoibhín, Mainistir Fhear Maí</b></li> <li><b>2. Coláiste Pobail Naomh Colmán, Mainistir na Corann</b></li> <li><b>3. Campas Oideachais Charraig Uí Leighin</b></li> </ol>	<p>Leanfaimid le bheith réamhghníomhach maidir le dáta críochnaithe a sholáthar leis an ROS agus páirtithe eile</p> <p>Leanann obair ar siúl chun oibreacha a thabhairt chun cinn</p>	<p>Lean obair ar aghaidh i rith 2019 chun soláthar a dhéanamh faoi dhátaí críochnaithe. Críochnaíodh an tógáil seo a leanas in 2019.</p> <ol style="list-style-type: none"> <li>1. Síneadh Choláiste an Chraoibhín, Mainistir Fhear Maí</li> <li>2. Scoil Chlíodhna, Pobalscoil Náisiúnta, Carraig Thuathail, cóiríocht shealadach bhreise</li> <li>3. Coláiste Pobail Charraig Thuathail, cóiríocht shealadach bhreise</li> </ol>

	<p>4. Coláiste Pobail Chloich na Coillte</p> <p>5. Coláiste Davis, Mala</p> <p>6. Scoil Chlíodhna, Pobalscoil Náisiúnta, Carraig Thuathail (cóiríocht shealadach)</p> <p>7. Coláiste Pobail Charraig Thuathail (cóiríocht shealadach)</p>		
	<p>→ <b>Chun cead a fháil do thionscadail chaipitil mhóra eile a sainaithníodh mar chuid de Plean um Infheistíocht Chaipitil Mhór i bhFoirgnimh Scoile 2016-2021 an Rialtais. I measc na dtionscadal siúd, tá an méid seo a leanas:</b></p> <ol style="list-style-type: none"> <li>1. Coláiste Pobail Churrach an Eich Bhuí, an Cóbh</li> <li>2. Coláiste Áth an Chóiste</li> <li>3. Coláiste Choilm, Baile an Chollaigh</li> <li>4. Coláiste Ghobnatan, Baile Bhuirne</li> </ol>	<p>Leanfaimid le cead a thabhairt chun cinn do thionscadail a sainaithníodh</p>	<p>Tugadh cead do na tionscadail seo a leanas:</p> <ol style="list-style-type: none"> <li>1. Coláiste Pobail Churrach an Eich Bhuí, an Cóbh – síneadh</li> <li>2. Coláiste Áth an Chóiste – scoil nua</li> <li>3. Colaiste Ghobnatan, Baile Mhuire – síneadh</li> <li>4. Coláiste Pobail Charraig Thuathail – cóiríocht shealadach bhreise</li> <li>5. Scoil Chlíodhna, Pobalscoil Náisiúnta, Carraig Thuathail – cóiríocht shealadach bhreise</li> </ol>
	<p>→ <b>Leanfaimid le tosaíochtaí a shainaithint d'fhoirgnimh nua, síntí agus/nó feabhsúcháin a chur le/ar fhoirgnimh reatha agus chun iarracht réamhghníomhach a dhéanamh chun na hacmhainní riachtanacha a lorg chun an céanna a sholáthar</b></p>	<p>Leanfaimid le hathbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais na réadmhaoine go léir a dtugtar tús áite dóibh ag féachaint le plean a bhunú chun foirgnimh níos sine a athchóiriú</p>	<p>Cuireadh iarratas faoi bhráid an ROS ar chóiríocht bhreise don mhéid seo a leanas:</p> <ol style="list-style-type: none"> <li>1. Coláiste Mhuire, Cill na Mallach (cóiríocht bhreis)</li> <li>2. Coláiste Áth an Chóiste - (cóiríocht shealadach)</li> </ol>

	<p>→ <b>Leanfaimid le hathbhreithniú a dhéanamh ar chórais TFC lena chinntiú go bhfuil siad cuí, oiriúnach don fheidhm, slán agus go gcuireann siad éifeachtúlachtaí ar fáil do gach úsáideoir</b></p>	<p>Leanfaimid le hidirchaidreamh a dhéanamh le soláthraithe seachtracha bogearraí, an ROS / an Oifig Bainistíochta Tionscadal agus SOLAS chun córais TF atá oiriúnach don fheidhm a fheabhsú agus a fhorbairt níos mó</p> <p>Leanfaimid le córais chúí bhogearraí a thabhairt isteach chuig gach limistéar den eagraíocht lena chinntiú go gcuirtear éifeachtúlachtaí ar fáil do gach úsáideoir</p> <p>Leanfaimid lenár n-idirchaidreamh gníomhach le tionscadail náisiúnta agus ag tacú lena gcur i bhfeidhm, e.g. seirbhísí comhroinnte párolla, seirbhísí airgeadais, córas bainistíochta scoile</p>	<p>Lean BOO Chorcaí le hathbhreithniú a dhéanamh ar chórais TFC lena chinntiú go bhfuil siad oiriúnach don fheidhm.</p> <p>Ba iad na córais a bhí á n-athbhreithniú in 2019;</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Office 365</li> <li>• SharePoint</li> <li>• Moodle</li> <li>• CORE</li> <li>• DCS</li> <li>• Clár Réadmhaoine</li> </ul> <p>Rinne BOO Chorcaí idirchaidreamh réamhghníomhach le seirbhísí comhroinnte Chórais an Bhord Soláthair an Leictreachais i rith 2019 i gcás gach tionscadail</p>
<p><b>4.2 Leanúint le struchtúr eagrúcháin a fhorbairt a thacaíonn le seirbhísí BOO Chorcaí</b></p>	<p>→ <b>Leanúint le struchtúir rialachais a fhorbairt agus a fheabhsú ar fud na heagraíochta ar aon dul leis an gCód Cleachtais maidir le BOOanna a Rialú agus i gcomhréir le dea-chaighdeáin eiticiúla</b></p>	<p>Glacfaimid agus tacóimid lenár seirbhísí agus Cód Rialachais 2019 nua á chur i bhfeidhm</p>	<p>Ghlac agus d'athbhreithnigh Bord BOOC le Cód Rialachais 2019 agus cuireadh a chur i bhfeidhm chun cinn.</p>
	<p>→ <b>Leanúint le hathbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir BOO Chorcaí lena chinntiú go gcuirtear seirbhísí ar fáil ar bhealach costéifeachtúil, éifeachtach agus comhlíontach</b></p>	<p>Glacfaimid páirt gníomhach i dTionscadal Seirbhísí Comhroinnte Párolla lena chinntiú go gcuirtear táirge ar fáil do BOO Chorcaí atá oiriúnach don fheidhm agus a chinnteoidh leanúnachas gnó</p>	<p>Rinne BOO Chorcaí idirchaidreamh go réamhghníomhach ar leibhéal náisiúnta le páirtithe faoi seach le hullmhacht do sheirbhís chomhroinnte párolla a chinntiú.</p>
	<p>→ <b>Leanúint le struchtúir agus próisis dea-rialachais a athbhreithniú agus a fhorbairt</b></p>	<p>Leanaimid le hathbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir agus próisis</p>	<p>Críochnaíodh obair ar Fhéinmheastóireacht Feidhmiúcháin in 2019 agus rinneadh scóipeáil agus pleanáil tosaigh don</p>

	<p><b>ar aon dul le riachtanais a sainathnódh inár bhFéinmheastóireacht Feidhmiúcháin agus chun ullmhú d’Athbhreithniú Reachtúil a dhéanamh ar Bhreisoideachas agus Oiliúint</b></p>		<p>Athbhreithniú Reachtúil ar Bhreisoideachas agus Oiliúint a thosú.</p>
<p><b>4.3 Tacú le rialachas eiticíúil le cuntasacht agus luach ar airgead a chinntiú</b></p>	<p>→ <b>Leanfaimid le forbairt agus monatóireacht a dhéanamh ar ár bpróisis agus le comhlíonadh ceanglas reachtúil agus ceanglais rialála a chinntiú</b></p>	<p>Críochnófar tionscadal náisiúnta chun lámhleabhar Sláinte agus Sábháilteachta a fhorbairt faoi dheireadh Ráithe 2 agus tá tús le cur le céim um chur i bhfeidhm láithreach ina dhiaidh sin.</p> <p>Tabharfar comhaontuithe seirbhíse nua leasaithe isteach i rith Ráithe 1 lena dtacaíonn clár lárnach chun cabhrú le monatóireacht a dhéanamh ar an gcéanna le comhlíonadh théarmaí an chomhaontaithe seirbhíse a chinntiú</p>	<p>Cuireadh sraith Teimpléid Sláinte agus Sábháilteachta le chéile don earráil i rith 2019</p> <p>Cuireadh comhaontuithe seirbhíse nua i bhfeidhm go hiomlán in 2019</p>
	<p>→ <b>Córais bhainistíochta, chuntasaíochta agus tuairiscithe airgeadais a fheabhsú chun tacú le cinnteoireachta fheabhsaithe i Seirbhísí Oideachais agus Oiliúna</b></p>	<p>Déanfaimid Cártaí Ceannaigh a thabhairt isteach go hiomlán in 2019</p>	<p>Céim 1: Críochnaíodh cártaí ceannaigh a thabhairt isteach i scoileanna in 2019. Céim 2: Le tosú i Ráithe 2 2020 d’ionaid eile.</p> <p>Cuireadh oiliúint ar an bpearsanra ábhartha go léir</p>
	<p>→ <b>Leanfaimid chun feabhas a chur ar éifeachtúlachtaí d’fhonn luach ar airgead a chinntiú nuair a bhíonn réadmhaoín uile BOO Chorcaí á bainistiú, ar aon dul le Plean Soláthair Bainistíochta Sócmhainní Réadmhaoine an Rialtais</b></p>	<p>Bunaíodh an clár léasa i rith 2018 ach cuireadh tús le hobair, áfach, chun feabhsúcháin a dhéanamh ar an gcóras cláir leictreonaigh chun feabhas a chur ar acmhainneacht chun go mbeidh sé i bhfeidhm faoi dheireadh Ráithe 3</p>	<p>Leantar le hobair a dhéanamh ar an gclár léasa lena chinntiú go mbíonn sé cothrom le dáta i gcónaí agus tugadh feabhsúcháin ar an gcóras leictreonaigh chun críche ag deireadh 2019</p>



<p><b>4.4 Branda láidir inaitheanta BOO Chorcaí a fhorbairt</b></p>	<p>→ <b>Feachtas comhordaithe margaióchta agus brandála a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun feasacht a mhúscailt ar BOO Chorcaí mar eagraíocht agus ar na seirbhísí go léir a sholáthraíonn sé agus a chuireann sé ar fáil</b></p>	<p>Tá feachtas comhordaithe poiblíochta curtha i bhfeidhm do Choláistí Iar-Ardteistiméireachta agus tá feachtas spriocdhírthe le tosú in Ráithe 2 do Phobalscoileanna Náisiúnta</p>	<p>Leanadh le hobair in 2019 chun Branda BOO Chorcaí a chur chun cinn agus tugadh faoi fheachtas poiblíochta ar líne do Phobalscoileanna Náisiúnta i Ráithe 3.</p> <p>Comhordaíodh feachtas poiblíochta do Choláistí BOO go lárnach.</p>
	<p>→ <b>Aithneoidimid agus déanfaimid ceiliúradh ar éachtaí ár bhfoghlaimoirí agus ár bhfoirne mar bhealach chun tacú le cultúr sármhaitheasa agus é a chothú</b></p>	<p>Tapóimid gach deis agus leanfaimid lena chinntiú go n-aithnítear agus go gceiliúrtar gach éacht, éachtaí acadúla san áireamh, trí shearmanais scoilbhunaithe, imeachtaí BOO agus trí na meáin shóisialta</p> <p>Leanfaimid le ceiliúradh a dhéanamh ar éachtaí den scoth a rinne ár scoláirí i gCláir na hArdteistiméireachta agus na hArdteistiméireachta Feidhmí trí Shearmanas bliantúil Dámhachtainí BOO Chorcaí.</p> <p>Leanfar le Searmanais Bhronnta Cáilíochta Coláiste BOO a chur ar siúl mar bhealach chun éachtaí ár bhfoghlaimoirí a aithint</p> <p>Fiosróimid an fhéidearthacht chun Oíche Dhámhachtainí a chur ar siúl don BOO chun ceiliúradh a dhéanamh ar dhaoine a bhain Dámhachtainí ardghnóthachtála amach</p> <p>Déanfaimid iarratas ar Ghradaim Oideachais na hÉireann ar bhonn bliantúil mar bhealach chun ár gColáistí BOO a thagarmharcáil mar sholáthraithe seirbhíse</p>	<p>Úsáideadh ardáin mheán sóisialta go comhsheasmhach i rith 2019 chun éachtaí agus tionscnaimh a chur chun cinn i measc na seirbhísí go léir</p> <p>Thit searmanais dámhachtainí agus bhronnta amach in 2019 chun ceiliúradh a dhéanamh ar éachtaí foghlaimoirí</p> <p>Thit searmanais bhronnta amach i ngach Coláiste agus Ionad Oiliúna BOO in 2019</p> <p>Cuireadh trí choláiste BOO ar an ngearrliosta do chatagóirí éagsúla i nGradaim Oideachais na hÉireann agus bhuaigh Coláiste amháin sa chatagóir An Soláthraí Breisoideachais is Fearr in 2019</p>

<b>4.5 Córais chumarsáide inmheánaí agus seachtraí a fhorbairt agus a fheabhsú</b>	→ <b>Forbróimid Cairt Chustaiméirí atá oiriúnach don fheidhm a bhunóidh dea-chleachtais agus nósanna imeachta agus a éascóidh aiseolas</b>	Forbróimid Cairt Chustaiméirí i gcomhréir le Cód Rialachais 2019	Foilsíodh an Chairt Chustaiméirí agus an Nós imeachta um Ghearáin Chustaiméirí in 2019
	→ <b>Soláthrófar na gealltanais a rinneadh i Scéim na dTeangacha Oifigiúla laistigh de shaolré na scéime reatha</b>	Foilseofar Scéim Teanga nua ina sonrúfár ár ngealltanais go soiléir	Forbraíodh agus foilsíodh ár Scéim Teanga nua i rith 2019
	→ <b>Cinnteoimid go mbíonn cuntas ríomhphoist chorparáidigh ag an bhfoireann go léir chun cumarsáid éifeachtach a dhéanamh, slándáil a chosaint agus teacht ar chórais TFC</b>	Forbróimid plan do réiteach ríomhphoist chorparáidigh mar chuid den infion a chur i bhfeidhm	Forbraíodh plan i rith 2019 le haghaidh ríomhphoist chorparáideacha mar chuid de Office 365 a thabhairt isteach
<b>4.6 Líonrú agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha le príomhpháirtithe leasmhara</b>	→ <b>Cinnteoimid go ndéantar ionadaíocht do BOO Chorcaí ar Bhoird, Comhlachtaí agus Fóraim ábhartha a bhaineann le hoideachas agus oiliúint a sholáthar</b>	Leanfaimid lena chinntiú go ndéantar ionadaíocht ghníomhach i measc réimse Fóram	Chinntigh BOO Chorcaí rannpháirtíocht ghníomhach i measc réimse Fóram in 2019 agus gur líonadh gach post folamh ar Bhoird etc.
	→ <b>Leanfaimid le caidreamh a fhorbairt lenár bpáirtithe leasmhara bunaithe ar chóimheas agus ghairmiúlacht chomhroinnte chun sárleasa ár bhfoghlaimoirí</b>	Leanfaimid le hidirchaidreamh gníomhach a dhéanamh le páirtithe leasmhara agus le caidreamh agus naisc a fhorbairt trí fhreastal ar chomhlachtaí agus imeachtaí éagsúla	Lean obair ar aghaidh air seo i rith 2019 agus glacadh páirt ghníomhach ar leibhéil éagsúla na heagraíochta, agus seo a leanas léargas ginearálta fairsing air seo; <ul style="list-style-type: none"> <li>• An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD)</li> <li>• Institiúidí Ardoideachais</li> <li>• Tionscnaimh Rialtais Áitiúil</li> <li>• Comhpháirtíochtaí Áitiúla</li> <li>• SOLAS</li> <li>• An ROS</li> <li>• Fóraim Náisiúnta BOOÉ</li> <li>• Eagraíochtaí gnó</li> </ul>

## 5. Léargas Ginearálta ar Sheirbhísí

### SCOILEANNA

#### Bunscoileanna

Pátrún é BOO Chorcaí le 2 Phobalscoil Náisiúnta (PSN). Is ionann agus tús nua do BOO Chorcaí an bhaint atá againn sa bhunoideachas in Éirinn.

- Pobalscoil Náisiúnta Scoil Aonghusa, Kingsfort Avenue, Sráidbhaile Chaisleán na Páirce, Mala, Contae Chorcaí
- Pobalscoileanna Náisiúnta Scoil Chlíodhna, West End, Carraig Thuathail

Tháinig méadú 85 Scoláire ar líon na scoláirí in 2019 sa dá scoil. Léiríonn an méadú seo an rath a bhí ar an tsamhail sna pobail faoi seach.

Leanfaidh BOO Chorcaí le comhairle agus tacaíocht oideachais, airgeadais, acmhainní daonna agus foirgnimh a chur ar fáil do gach ceann de na scoileanna seo, anuas ar thacaíocht dá rialachas agus bainistíocht, ar an iomlán. Bunaíodh Boird Bhainistíochta freisin agus tá oiliúint ar bun lena chur ar a gcumas chun a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh.

#### Athchumrú Bunscoileanna

Bhunaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna (an ROS) Próiseas Athchumraithe Scoileanna d'Éagsúlacht chun dul i ngleic le gealltanais i gClár an Rialtais 2016 chun an líon scoileanna il-sainchreidmheacha agus neamh-shainchreidmheacha a mhéadú d'fhonn líon 400 díobh a bhaint amach faoi 2030.

Tá freagrachtaí ar Bhoird Oideachais agus Oiliúna, mar údarais reachtúla, faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 chun soláthar a n-oideachais a phleanáil, a chur ar fáil, a chomhordú agus a athbhreithniú ina limistéir feidhme. Tá BOO Chorcaí ag feitheamh le forbairtí breise ar leibhéal náisiúnta sa limistéar seo.

#### Iar-Bhunscoileanna

Pátrún é BOO Chorcaí le 28 Coláiste Iar-Bhunscoile. Áirítear leis seo 4 Choláiste Breisoideachais a thuiriscítear faoin mír Breisoideachas agus Oiliúint. Coláistí pobail iad dhá cheann déag de na coláistí seo, a bhfuil comhaontú acu leis an Easpag Caitliceach Rómhánach áitiúil maidir le baint deoise i rialachas an choláiste. Cuireann BOO Chorcaí réimse seirbhísí ar fáil do na scoileanna seo, seirbhísí airgeadais, acmhainní daonna, foirgnimh, TFC, tacaíocht rialachais anuas ar thacaíocht le planáil oideachais.

Comhphátrún é BOO Chorcaí freisin le hord deoise nó rialta le 11 phobalscoil agus dhá scoil chuimsitheacha i gCorcaigh.

Bhí breis agus 200 scoláire ní ba mhó in Iar-Bhunscoileanna BOO Chorcaí in 2019 os cionn an bhorrtha thuartha i bPlean Seirbhíse 2018 agus tháinig méadú 525 scoláire ar líon na scoláirí i measc ár n-iar-bhunscoileanna aitheanta. Méadú mór é seo agus tá BOOC ag tabhairt faoi roinnt tionscadail tógála mhóra a phleanáil agus a sholáthar go gníomhach chun freastal ar an mborradh iarbhír ar líonta.

Anuas air sin, cuireann BOO Chorcaí roinnt suíomhanna oideachais de chineál iar-bhunscoile ar fáil chun tacú le hoideachas iar-bhunscoile a sholáthar do scoláirí nach bhfuil

sa soláthar príomhshrutha. Aonaid chúraim speisialta, ardtacaíochta agus chúraim chónaithe atá i gceist leis na suíomhanna seo ó thaobh foirme de - Ard Álainn, Naomh Stiofán, Gleann Maghair agus Éist Linn, an Charraig Dhubh, Corcaigh san áireamh.

## **BREISOIDEACHAS AGUS OILIÚINT**

### **Coláistí Breisoideachais (Iar-Ardteistiméireacht/IAT)**

Lean Coláistí Breisoideachais BOOC le réimse agus próifíl chúrsaí iar-Ardteistiméireachta a sholáthar a bhí cosúil leo siúd, tríd is tríd, a soláthraíodh sa bhliain roimhe sin. Cé go ndearna coláistí, pé áit ar féidir, cúrsaí a oiriúnú agus a mhionathrú chun freastal ar riachtanais an mhargaidh shaothair agus foghlaimoirí áitiúla, leanann srian a bheith ar an acmhainneacht laistigh den BOO chun soláthar a dhéanamh do chúrsaí úrnua a fhorbairt agus a thabhairt isteach, mar gheall nárbh fhéidir sainfhoireann bhreise a earcú mar gheall go bhfuil a leithdháileadh múinteoirí á sháru ag an scéim.

Ar aon dul le riachtanais SOLAS agus Chomhaontú Pleanála Straitéisí an BOO, rinneadh na cúrsaí IAT go léir a chatagóiriú go foirmiúil i dtaobh a ndírith ar an margadh saothair a iontráil (fostaíocht) nó leanúint ar aghaidh a fhad le breisoideachas nó ardoideachas.

Tháinig laghdú ar rolluithe don bhliain acadúil 2019-2020 anuas go dtí 3,743 ó 4,000 sa bhliain roimhe sin. Rinne an cás geilleagrach ar tháinig feabhas air, agus ní ba mhó deiseanna fostaíochta ar fáil ann, an beartas leanúnach lenar ghlac an eanáil Ardoideachais chun rolluithe a mhéadú agus riachtanais phointí na Lár-Oifige Iontrala a laghdú le haghaidh líon mór cúrsaí, tionchar mór a imirt ar rolluithe isteach i gcúrsaí.

Leanann an eanáil IAT le páirt a ghlacadh i bPrintíseachtaí agus Cúrsaí Oiliúna a thabhairt isteach agus d'éirigh leo iad a thabhairt isteach sna Coláistí. Tugadh an phrintíseacht Seirbhísí Réadmhaoine/Ceantálaíochta isteach i gColáiste Tráchtála Chorcaí agus ba léir go raibh ardéileamh ar an bprintíseacht agus gur thosaigh líon mór scoláirí an phrintíseacht. Cheadaigh SOLAS roinnt cláir réamhphrintíseachta lena bhforbairt i gColáiste Naomh Eoin agus cuirfead tús leo seo a sholáthar in 2020.

### **Ionad Oiliúna Chorcaí (Seirbhísí Oiliúna)**

Is é Ionad Oiliúna Chorcaí, atá lonnaithe ar Ascaill Rossa, Baile an Easpaig, an t-ionad oiliúna agus an mol oibríochtúil do gach seirbhís oiliúna a chuireann BOOC ar fáil faoi BOO. Cé gurb é an t-ionad an láthair sholáthair do réimse printíseachtaí, oiliúint lasmuigh den láthair oibre (Céim 2) san áireamh, freastalaíonn an t-ionad freisin ar réimse cláir shainoiliúna agus gníomhaíonn sé mar an t-ionad comhordaithe agus riaracháin le haghaidh soláthar oiliúna, agus tá réimse oifigí tacaíochta BOO BOOC lonnaithe ann, Dearbhú Cáilíochta, Treoir agus Seirbhísí don Ógra san áireamh.

Ar aon dul le paraiméadair agus riachtanais phleanála náisiúnta BOO, leanfaidh seirbhísí oiliúna BOOC lena lorg an méid acmhainneacht oiliúna printíseachta a mhéadú is féidir a sholáthar san ionad, trí na spásanna reatha oiliúna a athchumrú agus trí infheistíocht a dhéanamh i dtuilleadh breise lasmuigh den ionad. Díreoidh an t-ionad Oiliúna go mór ar oiliúint bhreise a fhorbairt agus a sholáthar do dhaoine atá fostaithe, ar aon dul le beartais SOLAS, faoi mar a fhorbraítear iad.

D'oscail Ionad Oiliúna Chorcaí Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Taoibh Thiar i Samhain 2019, ina soláthraítear áiseanna saincheaptha do réimse cláir BOO, go príomha chun freastal ar riachtanais na n-earnálacha Fáilteachais agus Lónadóireachta, an phrintíseacht commis

chef agus cláir fáilteachais agus chócaireachta san áireamh ar leibhéal 5 agus 6 DCCÉ. Críochnófar áis bhreise chistin oiliúna go luath in 2020 ag an ionad.

Cuireann feidhm Oiliúna BOOC cláir ar fáil chun oiliúint, athoiliúint nó uasoiliúint a chur ar dhaoine dífhostaithe chomh maith le cuardaitheoirí poist eile chun post a aimsiú agus/nó dul chun cinn a dhéanamh go dtí an t-ardoideachas/an breisoideachas agus oiliúint a thabharfaidh an scileanna dóibh chun dul san iomaíocht sa mhargadh saothair. Cuirtear na cláir seo ar fáil trí chúrsaí lae lánaimseartha, cúrsaí tráthnóna nó cúrsaí ar líne. Tá laghdú ag teacht ar an méid gníomhaíochta i soláthar spriocdhírthe do dhaoine dífhostaithe ar aon dul leis an mbeochlár. Léirítear méid na gníomhaíochta oiliúna sa bhuiséad oiliúna bliantúil.

Dhírigh seirbhísí oiliúna ar a acmhainneacht agus a chur chuige a fhorbairt i leith aghaidh a thabhairt ar na gealltanais agus na tosaíochtaí a leagtar amach sa straitéis Scileanna chun Dul chun Cinn, a dhéanann soláthar d'usoiliúint agus athoiliúint a chur ar dhaoine atá fostaithe. Faoi na trí shnáithe a leagtar amach sa straitéis, forbraítear soláthar oideachais agus oiliúna chun freastal ar riachtanais oiliúna agus forbartha pearsanta fostaithe agus cuirtear ar fáil é ar bhealach atá in ainm is riachtanais na bhfostóirí agus an fhostaí araon a shásamh.

## Seirbhísí don Ógra

Cuireann BOO Chorcaí, trí roinnt soláthraithe cistithe Seirbhíse don Ógra, réimse seirbhísí don ógra ar fáil do dhaoine óga ar fud an réigiúin faoi chlár éagsúla Óige atá cistithe ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Tá leithdháileadh cistithe bliantúil Óige os cionn €2.5 milliún ag Seirbhís don Ógra BOO Chorcaí agus tá mar aidhm aige gníomhaíochtaí rannpháirtíochta óige a sholáthar lasmuigh den suíomh oideachais fhoirmiúil chun daoine óga a spreagadh agus tacú leo chun éirí gníomhach laistigh dá bpobail, mar shaoránaigh, eiseamláirí agus ceannairí piaraí.

Déanann BOO Chorcaí idirchaidreamh, trína Aonad Seirbhísí don Ógra, le roinnt eagraíochtaí Óige chun Seirbhísí don Ógra a sholáthar thar a cheann, an méid seo a leanas ina measc:

- YMCA
- Foróige
- Obair don Ógra Éireann, Corcaigh
- Seirbhísí don Ógra, an Cóbh
- Cork Simon
- Meitheal Mara
- Good Shepherd Services
- Iontaobhas Pháirc na hEaglaise.

Tá freagracht ar BOO Chorcaí as cistiú a riar ar bhreis agus 35 tionscadal agus seirbhís don óige ar fud Chathair agus Chontae Chorcaí.

Déanann foireann Seirbhísí don Ógra BOO Chorcaí monatóireacht ar a n-obair agus a soláthar agus tacaíonn siad leo. Lorgaíodh faomhadh in 2019 agus fuarthas é ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige chun an fhoireann seirbhísí don ógra a fhairsingiú, agus earcaíodh Oifigeach Forbartha Óige (Oifigeach Óige sinsearach) dá bharr, agus tacaíonn trí phost Oifigeach Óige leis an bpost. Fógraíodh dhá phost don fhoireann Tacaíochta Óige don tseirbhís, a mhéadaigh a thoilleadh agus a chumas chun tacú le feidhm sheirbhíse don ógra de chuid an BOO. Baineann tábhacht ar leith le fairsingiú agus forbairt na foirne Seirbhísí don Ógra fad a ghabhann an earnáil i dtreo chur i bhfeidhm na scéime cistithe leasaithe óige ón Roinn Leanaí agus Óige in 2020. Teastaíonn próifíliú suntasach ceantair ón scéim, atá brandáilte mar “*UBU D’Áit Do Spás*” chun na rudaí a theastaíonn agus na riachtanais a shainithint i measc an sprioc-chohóirt, cuir chuige spriocdhírthe chuig a fhorbairt le soláthraithe seirbhíse chun freastal ar na riachtanais seo.

Déanann coiste den Bhord maoirseacht ar ar Sheirbhísí don Ógra BOOC atá freagrach as pleanáil agus monatóireacht straitéiseach.

## Ógtheagmháil

Ar aon dul le plean straitéiseach BOOC, tá de chuspóir againn oideachas agus oiliúint ardchaighdeáin a sholáthar a ina gcuirtear réadúlachtaí an domhain nua-aimseartha san áireamh agus deiseanna foghlaimeoirí a mhéadú chun leanúint ar aghaidh a fhad leis an bhfostaíocht agus/nó sa bhreisoideachas.

Tháinig laghdú in 2019 anuas go dtí 621 ó 768 sa bhliain roimhe sin ar an méid foghlaimeoirí a fostaíodh tríd an gclár. Ceaptar gurb é tionchar nósanna imeachta coimeáda is cúis leis an laghdú seo in iar-bhunscoileanna agus an tionchar a d'imir geilleagar saothair iomlán in 2019.

Clár oideachais agus oiliúna í Ógtheagmháil do dhaoine óga idir 15 agus 20 bliain d'aois, a dteastaíonn rogha eile uathu ón suíomh oideachais fhoirmiúil. Díritear i gclár Ógtheagmhála an méid céanna ar scileanna acadúla, gairmoideachais agus boga a fhorbairt agus cuirtear deiseanna ar fáil d'fhoghlaimoirí chun deimhniúchán ar Leibhéal 3 agus 4 a bhaint amach. Éascaíonn an clár a rochtain, a n-aistriú agus a ndul chun cinn go dtí an breisoideachas, oiliúint agus fostaíocht.

I ndiaidh go ndearna BOOC athbhreithniú ar chlár Ógtheagmhála, forbraíodh curaclam leasaithe i gcomhairle leis na hionaid go léir. Forbraíodh agus feabhsaíodh gné Shocrúchán Oibre an chlár lena chinntiú go bhfuil sé ábhartha i measc foghlaimeoirí agus fostóirí; mar thoradh air seo, tá deis níos bríche agus níos spreagtha ann do rannpháirtithe agus d'fhostóirí. Baineann Curaclam leasaithe Ógtheagmhála úsáid níos mó i gcónaí as cur chuige cumaiscthe d'fhoghlaim ina bhfuil gníomhaíocht sa seomra ranga agus forbairt phearsanta ar bhealach pleanáilte agus struchtúrach.

D'fhoilsigh SOLAS an Mheastóireacht neamhspleách ar chlár Náisiúnta Ógtheagmhála agus a fhreagairtí agus a mholadh féin maidir leis na Torthaí i mBealtaine 2019, ar thosaigh BOOC le hathbhreithniú agus le tagarmharcáil a dhéanamh ar a sholáthar ina aghaidh.

## Litearthacht Aosach

Díríonn Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí ar Sheirbhís chomhtháite Oideachais Litearthachta d'Aosaigh a chur ar fáil, a chuireann creidiúnú ar fáil ó Leibhéal 1-6, ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (an CNC). Cuireann Seirbhís Litearthachta BOOC réimse fairsing clár ar fáil laistigh den sainchúram seo, atá dírithe ar scileanna feabhsaithe léitheoireachta, scríbhneoireachta, uimhearthachta agus TFC do dhaoine fásta ar mian leo feabhas a chur ar a n-inniúlachtaí agus feabhas a chur ar a rannpháirtíocht fheidhmiúil sa saol pearsanta, sóisialta, pobail agus geilleagrach. Is ilchineálach agus solúbtha iad na cláir a chuirtear ar fáil agus tá idir tacaíocht Oibrí Dheonaigh 1:1, agus dianteagasc grúpa agus torthaí creidiúnaithe/deimhnithe torthaí i gceist leo. Díríonn deimhniúchán ar thorthaí foghlama ar leibhéal 1-3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (an CNC).

Oibríonn an tseirbhís go dlúth leis an tSeirbhís Oideachas Aosach níos fairsinge chun roghanna dul chun cinn foghlaimeoirí a sholáthar a bhaineann go sonrath le riachtanais foghlaimeoirí, fostóirí agus an cheantair thíreolaíochta. Idirichaidreamh a dhéanamh le comhghleacaithe i rith an phróisis phleanála lena chinntiú go gcuirtear cláir chúí fhriothálacha ar fáil ar Leibhéal 3 a bhfuil bealaí soiléire dul chun cinn acu a fhad le cláir Leibhéal 4 agus 5.

Tháinig laghdú in 2019 ar na líonta daoine a rinne teagmháil dhíreach leis an tseirbhís anuas go dtí 3,833 ó 4,335. Ceaptar gurbh athruithe ar sholáthar is cúis leis an laghdú seo nuair a

bhí soláthar litearthachta cuimsithe laistigh de chlár ar leith nó tugadh clár bhreise isteach, ar nós Clár Scileanna don Obair.

Déanann an tseirbhís litearthachta idirchaidreamh le fostaithe tríd an gclár Scileanna don Obair chun clár a sholáthar atá dírithe ar leibhéal inniúlachta fostaithe a ardú a bhfuil leibhéal ísle de cháilíochtaí oideachais acu, feabhas a chur ar scileanna bunriachtanacha TF a chuireann ar chumas fostaithe chun dul i ngleic le hathruithe minice agus leanúnacha ar chleachtais oibre. Cuirtear teagasc Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile (BCTE) ar fáil a airde le Leibhéal 3 ar an CNC agus tugtar tús áite d'iarthóirí tearmainn agus d'oibríthe inimirceacha imirceacha ísealioncaim an AE. Cuireann an clár Foghlama Teaghlaigh tacaíochtaí ríthábhachtacha ar fáil do thuismitheoirí ar cuireadh teorainn ar a n-oideachas féin, a chabhraíonn le bacainní a shárú atá roimh fhoghlaim i gcomhthéacsanna éagsúla.

Rinneadh an ról Réigiúnach Scileanna don Obair, ina ndearna comhordaitheoir bainistiú agus comhordú ar chlár a sholáthar ar fud réigiún an Oirdheiscirt (Corcaigh, Ciarraí, Port Láirge agus Loch Garman) a athailíniú, agus is ar an gcomhordaitheoir anois atá an fhreagracht iomlán as clár i réigiún Chorcaí.

## Oideachas Pobail

Cuirtear Oideachas Pobail ar fáil i gcomhar le heagraíochtaí pobail chun deiseanna foghlama a sholáthar atá bunaithe go háitiúil. Is é an cuspóir chun cur le hacmhainneacht phobal áitiúil chun tabhairt faoi fhreagairtí a fhorbairt do mhíbhuntáiste oideachais agus struchtúrach. Limistéar é seo inar tháinig borradh suntasach agus tháinig méadú ar líonta aníos go dtí 4,948 ó 4,375 sa bhliain roimhe sin. Léiríonn an méadú seo an t-idirchaidreamh leanúnach a rinneadh le páirtithe leasmhara éagsúla ar leibhéal áitiúil.

Déantar seirbhísí Oideachas Aosach agus Pobail a bhainistiú agus a chomhordú ar bhonn foréigiúnach, agus tá ceithre limistéar pleanála agus soláthair ailínithe leis an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ), Corcaigh Thuaidh, Corcaigh Theas, Corcaigh Thiar agus Cathair Chorcaí.

Cé go bhfuil tromlach na gcúrsaí a chuirtear ar fáil faoi na clár seo páirtaimseartha, déantar iad a struchtúrú ar bhealach a éascaíonn rochtain, aistriú agus dul chun cinn go dtí clár lánaimseartha, más mian leis na rannpháirtithe. Cuireann siad meascán de chlár chreidiúnaithe/dheimhnithe ar fáil, ar Leibhéal idir 2 agus 4 den CNC go ginearálta, agus tá roinnt clár forbartha acmhainní neamhchreidiúnaithe dírithe ar fhoghlaimoirí nár chríochoigh oideachas foirmiúil.

## An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (TFAO/BTEI)

Is é cuspóir foriomlána chlár an TFAO chun rannpháirtíocht daoine óga agus daoine fásta a mhéadú nach bhfuil oideachas dara leibhéal uachtarach curtha orthu i réimse deiseanna foghlama solúbtha a ndéantar dámhachtainí a bhronnadh orthu dá bharr ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (an CNC) chun a rochtain, a n-aistriú agus a ndul chun cinn a éascú go dtí conairí oideachais nó fostaíochta.

Tháinig laghdú in 2019 ar na líonta daoine a rinne teagmháil dhíreach leis an tseirbhís anuas go dtí 1,690 ó 3,030. Rinne an cás geilleagrach ar tháinig feabhas air, agus ní ba mhó deiseanna fostaíochta breise ar fáil ann, tionchar mór a imirt ar rolluithe isteach i gcúrsaí.

Díríonn Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí ar Sheirbhís chomhtháite Oideachas Aosach a chur ar fáil, a chuireann creidiúnú ar fáil ó Leibhéal 1-6, ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Mar chuid den tseirbhís seo, oibríonn an TFAO go dlúth le hOideachas Bunata Aosach, an SDOG agus an tSeirbhís Oideachas Aosach chun roghanna dul chun cinn foghlaimoirí a sholáthar



a bhaineann go sonrach le riachtanais an cheantair thíreolaíochta agus na bhfoghlaimoirí. Déanann TFAO idirchaidreamh le cúrsaí iar-Ardteistiméireachta, Soláthar Oiliúna agus Comhordaitheoirí Ógtheagmhála lena chinntiú go soláthraíonn cláir fhriotálacha ar Leibhéal 4 ar aghaidh go dtí cláir IAT Leibhéal 5.

Díríonn TFAO go príomha ar chúrsaí Leibhéal 4 DCCÉ a sholáthar agus soláthraítear Leibhéal 3 agus 5 ar leibhéal níos ísle. Cuireann na cúrsaí seo bealach dul chun cinn ar fáil ó chúrsaí ar leibhéal níos ísle agus dul chun cinn ar fáil freisin ar aghaidh go dtí cúrsaí IAT agus Ionad Oiliúna.

## Seirbhís Treorach Chorcaí

Cuireann Seirbhís Treorach BOO Chorcaí seirbhís saor in aisce, neamhchlaonta agus rúnda ar fáil d'fhoghlaimoirí fásta reatha agus do dhaoine fásta dífhostaithe a bhfuil cáilíocht(aí) DCCÉ níos ísle ná Leibhéal 6 bainte amach acu. Cabhraíonn ár bPearsanra Treorach le foghlaimoirí chun a suimeanna agus a gcumas a fhiosrú agus chun na roghanna cúrsa is fearr a shainiú.

## TACAÍOCHT EAGRAÍOCHTA

Tá na seirbhísí a sholáthraíonn tacaíocht eagraíochta dírithe ar sheirbhísí neamhfhoghlama a sholáthar a mbaineann bunriachtanas leo chun cabhrú le hoideachasóirí agus oiliúnaí díriú ar sheirbhísí díreacha d'fhoghlaimoirí a sholáthar lena chinntiú go mbíonn eispéireas ardchaighdeán foghlama acu agus go mbíonn BOO Chorcaí nuálach, frithghníomhach agus ar thús cadhnaíochta an tsoláthair oiliúna i gcónaí.

Rinneadh BOO Chorcaí, óna bunaíodh é, athruithe a athbhreithniú agus a chur i bhfeidhm ar conas a dhéanann an Cheannoifig a struchtúrú agus a sholáthar do gach limistéar den soláthar foghlama.

Tá na seirbhísí seo miondealaithe faoi láthair ina gcúig rannóg a bhfuil sainchúram fairsing ag gach ceann díobh agus baineann bunriachtanas leo lena chinntiú go gcomhlíonann an eagraíocht rialachais maidir le rialachas corparáideach agus a bheith in ann riachtanais a shásamh i gcomhthráth faoin réimse fairsing reachtaíochta a imríonn tionchar ar an eagraíocht.

Cé gur próiseas leanúnach de theacht chun cinn é dearadh eagraíochta, tá an ROS ag tabhairt faoi roinnt tionscadail earnála ar bhonn náisiúnta. Féadfaidh na tionscadail seo, agus seirbhísí comhroinnte, ach go háirithe, i bpárola agus airgeadas araon tionchar a imirt ar conas a dhéantar sinn a struchtúrú mar eagraíocht, ar ár gcumas chun leanúint le seirbhísí reatha a sholáthar chomh maith lenár gcumas chun seirbhísí a fhairsingiú mar fhreagairt do bhrúnna inmheánacha agus seachtracha, ar nós seirbhísí a sholáthar do scoileanna neamh-BOO.

Leanann BOO Chorcaí le páirt dhearfach a ghlacadh i dtionscadail náisiúnta mar gheall go n-aithnítear gur próiseas atá ag teacht chun cinn é go dtagann borradh agus forbairt ar eagraíocht.

## Tionscadail Forbartha Caipitil agus Soláthair

Cuireann an Roinn Forbartha Caipitil agus Soláthair réimse seirbhísí ar fáil chun tacú le Coláistí agus Ionaid maidir le cláir forbartha agus riachtanais soláthair. Limistéir ar leith iad an dá limistéar, agus is iad an réimse seirbhísí a sholáthraíonn siad;



## Foirgnimh

- Tionscadail Forbartha Caipitil BOO do scoileanna nua, síntí, cóiríocht sealadach, etc.
- Iarratas ar chead pleanála a theastaíonn
- Scéim na nOibreacha Samhraidh Scoile
- Scéim na nOibreacha Éigeandála
- Ceisteanna a bhaineann le foirgneamh féinchistithe BOO
- Bainistíocht Saoráidí – cothabháil Ardoideachais a eagrú, éifeachtúlacht fuinnimh BOOC, etc.
- Cúnamh a thabhairt do scoileanna neamh-BOO nuair a iarrann Tionscadail Chaipitil Aonad Tógála an ROS
- Monatóireacht agus Tuairisciú an SEAI.

## Soláthar

- Forbairt agus monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar nósanna imeachta BOOC agus iad a thabhairt isteach agus a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta, lena chinntiú luach ar airgead agus go gcomhlíontar dea-chleachtas thairseacha Náisiúnta/an AE.
- Plean Corparáideach Soláthair 2018-2019 a chur i bhfeidhm go leanúnach
- Plean Soláthair Ilbhliantúil (PSIB) a ullmhú lena chur faoi bhráid BOOÉ
- Earraí / seirbhísí a sholáthar i gcomhréir le beartais agus nósanna imeachta
- Rannpháirtíocht i líonraí Soláthair náisiúnta, agus idirchaidreamh a dhéanamh leis an OSR, BOOÉ, fóraim sholáthair, faoi mar is cuí.
- Clár conarthaí agus athnuachaintí a chothabháil

## Seirbhísí Corparáideacha

Is í príomhfheidhm Sheirbhísí Corparáideacha a chinntiú go bhfuil struchtúir rialachais i bhfeidhm agus go bhfuil ceanglais reachtaíochta agus chiorcláin á gcomhlíonadh agus go bhfuiltear ag cur leis trí athbhreithniú a dhéanamh ar chórais agus cleachtais oibre agus trí bharr feabhais a chur ar an rialaithe inmheánaigh. Is iad roinnt de na limistéir ar leith atá faoi shainchúram na Roinne;

- Rialachas Corparáideach
- Cosaint Sonraí
- Sláinte, Sábháilteacht agus Leas ag an Obair
- Bainistíocht Réadmhaoine agus Léasa
- Margaíocht
- Comhaontuithe Seirbhíse a Bhainistiú
- An Scéim Teanga
- Seirbhísí Tacaíochta Riaracháin a sholáthar don Bhord agus don Fheidhmeannacht

## Acmhainní Daonna

Cuireann an Roinn Acmhainní Daonna réimse seirbhísí ar fáil a thacaíonn le Bainisteoirí agus foireann BOO Chorcaí. Cuimsíonn na seirbhísí gach gné d'fhostaíocht ó "fostú go scor" ball foirne lena chinntiú go gcomhlíonann BOO Chorcaí agus a Bhainisteoirí an reachtaíocht agus litreacha ciorcláin fostaíochta. I measc roinnt de na seirbhísí a sholáthraítear, tá;

- Earcaíocht
- Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána
- Leithdháileadh agus Úsáid Foirne
- Párolla a Riar
- Saoire a Riar

- Sláinte cheirde
- Comhaontuithe agus/nó córais náisiúnta a chur i bhfeidhm
- Caidreamh Foirne
- Oiliúint agus Forbairt Foirne
- Aoisliúntas

## Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Leanann ról TFC ag teacht chun cinn i measc gach gné de sheirbhísí BOO Chorcaí. Tá borradh suntasach tagtha ar an tábhacht a bhaineann leis i dtaobh buntacú le riarachán agus rialachas, anuas ar mhúinteoireacht agus ar fhoghlaim. Mar Roinn, is iad an réimse seirbhísí agus tacaíochtaí a sholáthraítear do Choláistí/Ionaid;

- Bainistíocht Tionscadal a dhéanamh ar chórais nua, uasghráduithe san áireamh
- Bonneagar a fhorbairt agus an bonneagar sin a bhainistiú
- Córais chúí bhogearraí a shainathint agus uasghráduithe a dhéanamh orthu
- Córais chumarsáide a fhorbairt agus a chothabháil
- Tacaíocht Theicniúil
- Conraitheoirí a Bhainistiú
- Seirbhís chomhairleach a chur ar fáil do sholáthar
- Pleananna Athshlánaithe ó Thubaiste
- Cosaint agus Slándáil Sonraí TF

## Airgeadas

Cuireann Roinn Airgeadais BOO Chorcaí seirbhísí cuntasáíochta Airgeadais agus Bainistíochta ar fáil ar fud na heagraíochta. Cuireann an fhoireann airgeadais maoirseacht, oiliúint, comhairle agus tacaíocht airgeadais ar fáil lena chinntiú go gcomhlíontar na nósanna imeachta oibriúcháin airgeadais agus na ceanglais reachtaíochta agus ioncaim. I measc roinnt de na seirbhísí a sholáthraítear, tá;

- Íocaíochtaí a phróiseáil agus nósanna imeachta gaolmhara, faomhadh, rialuithe agus comhlíonadh
- Baincéireacht agus bainistíocht ar fháltais ó mhaoinitheoirí
- Idirbhearta airgeadais a thuairisciú agus a réiteach
- Ráitis Airgeadais Bhliantúla a ullmhú
- Buiséadú, tuairisciú agus réamh-mheastacháin airgeadais
- Bainistíocht ar Éilimh ó Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE)
- Bainistíocht ar shruthanna cistithe
- Iniúchtaí an ARCC, CSE agus Inmheánacha a chomhordú
- Athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha a chomhordú
- An Clár Stoic/Sócmhainní a chomhordú
- Bainistíocht ar phróisis Phárolla agus ghaolmhara
- Tuairisciú a dhéanamh leis na Coistí agus na Boird Airgeadais, Iniúchóireachta/Riosca